Athbhreithniú ar an Chlár Taighde Teagaisc agus Foghlama (TLRP) agus a chuid impleachtaí maidir le Tuaisceart Éireann

An Tuarascáil Dheireanach don Roinn Oideachais

Arna ullmhú ag

Despina Galanouli*, John Gardner* agus Carmel Gallagher**

*An Scoil Oideachais, Ollscoil na Banríona

Ionad EOECNA, Ollscoil Uladh/an Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe

Comhfhreagras:

Dr Despina Galanouli
An Scoil Oideachais
Ollscoil na Banríona, Béal Feirste
69-71 Sráid Ollscoile
BT7 1HL

Teil: 028 9097 5901
Ríomhphost: d.galanouli@qub.ac.uk

Athbhreithniú ar an Chlár Taighde Teagaisc agus Foghlama (TLRP) agus a chuid impleachtaí maidir le Tuaisceart Éireann

An Tuarascáil Dheireanach don Roinn Oideachais

An Clár Ábhar

1	Réamhrá	3
2	Tionscadail TLRP	4
3	Tionscadail TLRP Thuaisceart Éireann	5
4	Modheolaíocht Athbhreithnithe	6
6	Torthaí TLRP agus Comhthéacs Thuaisceart Éireann	9
7	Torthaí foghlama a fheabhsú agus caighdeáin a ardú	10
8	Deiseanna foghlama agus Mianach Inspreagtha na mac léinn a fheabhsú	13
9	Teagasc a fheabhsú	15
10	Impleachtaí maidir le Beartas agus Cleachtas	18
11	Prionsabail Ghinearálta le haghaidh Oideolaíocht Éifeachtach	22

Aguisín 1: Liosta na dTionscadal Ábhartha atá Hipearnasctha le URLanna Idirlíon25

Aguisín 2: Liosta na dTionscadal Ábhartha atá Hipearnasctha le hAchoimrí Tionscadail

(Tá hipearnaisc ar fáil ar fud an téacs seo a sholáthraíonn naisc inmheánacha chuig aguisíní agus naisc sheachtracha chuig an Idirlíon)

Athbhreithniú ar an Chlár Taighde Teagaisc agus Foghlama (TLRP) agus a chuid impleachtaí maidir le Tuaisceart Éireann

1 Réamhrá

1.1 Ba sa bhliain 1999 a seoladh an Clár Taighde Teagaisc agus Foghlama (TRLP), atá ar an chlár is mó taighde oideachais ar tugadh riamh faoi sa Ríocht Aontaithe. Bunaíodh mar chlár de chuid na Comhairle um Thaighde Eacnamaíoch agus Sóisialta (ESRC) é, a chuimsíonn líonra tionscadal. Ba é an Chomhairle Maoinithe Ardoideachais do Shasana (HEFCE), an Roinn Leanaí, Scoileanna agus Teaghlach (DCSF), Rialtas na hAlban, Tionól Náisiúnta na Breataine Bige agus Tionól Thuaisceart Éireann a mhaoinigh é. Rinne an ESRC an clár a bhainistiú thar a gceann siúd a thug maoiniú dó in éineacht le grúpa stiúrtha, le bainisteoir ceaptha agus le foireann pháirtaimseartha de chomhstiúrthóirí. Cuireadh príomhchéim an TLRP[1] i gcrích in 2009 a raibh infheistíocht de thart ar £43m ag baint leis agus a sholáthair níos mó ná 1,500 acmhainn a bhí bunaithe ar thaighde.

1.2 Ba é aidhm an TLRP taighde *'oideachais ar ardchaighdeán a chur chun cinn, le torthaí na mac léinn, de gach cineál, a fheabhsú agus é ceaptha ar shlí a mbaineann leis an teagasc agus leis an fhoghlaim'*. Áiríodh ar phríomhthosaíochtaí thionscadail TLRP: (i) go gcuirfeadh cleachtóirí leis an taighde, agus go mbainfidís úsáid as, ó thaobh pháirtíocht an úsáideora de, agus é ceaptha ar shlí ábhartha agus ar ardchaighdeán; (ii) go ndéanfaí acmhainn taighde na réimse a chur chun cinn trí fhorbairt phroifisiúnta taighdeoirí agus cleachtóirí; (iii) go ndéanfaí comhpháirtíochtaí a bhunú ar mhaithe le hinbhuanaitheacht a bhaint amach; agus (iv) go ndéanfaí comhoibriú a bhunú idir disciplíní agus earnálacha.

1.3 Mar aitheantas ar thábhacht na hoibre a dhéanann an TLRP, idir oideachas na luathbhlianta agus an fhoghlaim a bhunaítear ar obair, agus leis an úsáid is fearr a bhaint as dáileadh na dtorthaí taighde ón chlár chuig an lucht déanta beartas[2], bhunaigh an ESRC comhaltachtaí socrúcháin i gcomhar le

---

[1] In ainneoin gur críochnaíodh an TLRP in 2009, chruthaigh an ESRC agus an Chomhairle Taighde um Innealtóireacht agus Eolaíochtaí Fisiceacha (EPSRC) céim bhreise um Fhoghlaim Mhéadaithe tríd an Teicneolaíocht (TEL) go 2012.

[2] In Albain rinneadh é seo trí chomhalta páipéir oibre a chur ar fáil ar sholúbthacht i measc daoine óga agus fianaise ón TLRP le tacú le moltaí ón OECD. Sa Bhreatain Bheag, tá ochtar comhaltaí páirtaimseartha á maoiniú le

ranna rialtais. Rinne ionadaithe ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus ó Ollscoil Uladh an socrú comhaltachta i dTuaisceart Éireann a idirbheartú leis an ESRC, an Roinn Oideachais (DE) agus an Roinn um Fhostaíocht agus Fhoghlaim. Is é aidhm na tuarascála seo an tslí a dtugann taighde an TLRP aghaidh ar thosaíochtaí taighde na gcomhpháirtithe maoinithe i dTuaisceart Éireann a léiriú, mar aon leis an tslí ar féidir cur leis na cláir taighde amach anseo.

2 Tionscadail TLRP

2.1 Rinneadh níos mó ná 100 infheistíocht sa TRLP lena n-áirítear ceithre líonra taighde (le trí acu sin in earnáil na scoileanna agus ceann amháin san oideachas iaréigeantach); 56 tionscadal taighde (22 i scoileanna agus 34 san oideachas iaréigeantach); sé thionscadal ghaolmhara; dhá chomhlachas forbartha gairme; cúig chomhaltacht oiliúna taighde; 25 comhaltacht ar ar tugadh 'Meetings of Minds'; níos mó ná 20 tionscnamh téamach agus dhá chomhaltacht do Stiúrthóirí. Is féidir liosta tionscadal de chuid an TLRP, a bhaineann leis an tuarascáil seo, a fháil sna haguisíní: Appendix 1 (áirítear air seo liostaí atá déanta de réir na hearnála agus de réir na gcéimeanna maoinithe).

2.2 Díríodh obair an TRLP ar dheich gcéim oideachais: na luathbhlianta; an Bunoideachas; an Meánoideachas; na Céimeanna Scoile; an Breisoideachas agus Oideachas do dhaoine os cionn 16; an tArdoideachas; an Fhoghlaim ag an Ionad Oibre; an Fhoghlaim Phroifisiúnta, an Fhoghlaim ar feadh an tsaoil, agus an Fhoghlaim teicneolaíocht-leasaithe, a bhí ar an chéim dheireanach. Ba ar thorthaí teagaisc agus foghlama na gcéimeanna seo amháin a bhí béim an TLRP. Dá bhrí sin, is ann do chuid mhór ceisteanna tábhachtacha oideachais atá taobh amuigh de théarmaí tagartha an chláir.

2.3 Ba iad seo a leanas príomhchéimeanna maoinithe an TLRP:

- Céim I (2000-2003): thacaigh an chéim seo le trí líonra tionscadal in earnáil na scoile agus le ceann amháin i réimse an oideachais iaréigeantaigh;

---

hathbhreithniú a dhéanamh ar impleachtaí TLRP ar cheithre théama faoi leith: an Chéim Bhunaidh, Teagasc a Fheabhsú do dhaoine idir 7-14 bliain d'aois, Teagasc a fheabhsú trí pheirspictíochtaí foghlaimeoirí a ghlacadh san áireamh, agus Cuimsiú Sóisialta. Níl socrúchán comhalta ar bith déanta do Shasana.

- Céim II (2001-2004): thacaigh an chéim seo le sé thionscadal in earnáil na scoile agus le trí cinn i réimse an oideachais iaréigeantaigh;
- Céim III (2003 – 2008): thacaigh an chéim seo le 12 thionscadal i réimse an oideachais iaréigeantaigh.

2.4 Chomh maith leis sin, bunaíodh 'tionscadail forleathnúcháin' in Albain (ceithre cinn idir 2003 agus 2005), i dTuaisceart Éireann (trí thionscadal idir 2004 agus 2007) agus sa Bhreatain Bheag (ceithre thionscadal idir 2004 agsu 2007). Sna tionscadail seo, rinneadh obair thionscadail Chéim II a fhorbairt. Thacaigh an chéim 'Widening Participation in Higher Education' (2006 - 2008) le seacht dtionscadal i Sasana chomh maith.

3 Tionscadail TLRP Thuaisceart Éireann

3.1 Bhí tionscadal amháin 'príomhchéime' ag Tuaisceart Éireann, ba é sin 'ACTS II: Sustainable Thinking Classrooms' (*McGuinness and Sheehy*). Bíonn éifeacht leanúnach shuntasach ag an tionscadal seo go hidirnáisiúnta agus sa Ríocht Aontaithe. Agus béim á cur ar scileanna ceapadóireachta sa seomra ranga, tugann torthaí an tionscadail seo dúshlán na múinteoirí amhras a chaitheamh ar a gcreideann siad faoi chóras foghlama na bpáistí.

3.2 Chuimsigh 'céim forleathnúcháin' an TLRP i dTuaisceart Éireann trí thionscadal. Ba é an chéad cheann acu sin ná: 'A Values-based Approach to Teacher Education' (*Smith et al*). Agus cuntas á choimeád ar mhic léinn de chuid an PGCE le linn an chórais induchtúcháin, agus le linn dóibh luath-thaithí proifisiúnta a fháil sna scoileanna, bhí neamhchinnteacht an chórais roghnaithe (atá i mbéal an phobail faoi láthair) agus an curaclam nua a tugadh isteach, ar roinnt de na nithe a thug a ndúshlán.

3.3 Bunaíodh an dara tionscadal - 'http://www.tlrp.org/proj/phase1/phase1dsept.htmlConsulting Pupils on the Assessment of their Learning (CPAL)' (*Leitch et al*) - ar thionscadal líonra de chuid Chéim 1 an TLRP ar a dtugtar 'Consulting Pupils about Teaching and Learning: Process, Impact and Outcomes' (*Rudduck et al*). Cuireadh an bhéim ar 'thuairimí na mac léinn' in dhá chomhthéacs sa tionscadal i dTuaisceart Éireann. Ba é an chéad chomhthéacs ná tabhairt isteach Córas measúnaithe ar na Modhanna Foghlama sna scoileanna i dTuaisceart

Éireann. Ba é an dara ceann ná Forbairt Phróifíl Bhliantúil na Mac Léinn, atá molta mar chuid den chóras in ionad na dTeisteanna Aistrithe 11+.

3.4 Sa tríú tionscadal forleathnúcháin, ar a dtugtar 'Learning In and For Interagency Working: Multi-agency Work in Northern Ireland' (*Gallagher et al*), rinneadh iniúchadh ar an tslí ar féidir éifeacht níos mó a bhaint as obair idirghníomhaireachta i gcomhthéacs na mac léinn is dealraithí a chuirfear as na scoileanna.

4 Modheolaíocht Athbhreithnithe

4.1 Ba é príomhaidhm na comhaltachta seo athbhreithniú a dhéanamh ar thionscadail taighde TLRP, agus na torthaí a chur i bhfeidhm ar chláir taighde agus ar cheisteanna beartais an dá Roinn i dTuaisceart Éireann (An Roinn Oideachais (DE) agus an Roinn um Fhostaíocht agus Fhoghlaim). Áiríodh mar chuid den mhodheolaíocht sin cleachtadh domhan a dhéanamh ar réimsí taighde agus beartas an dá Roinn, agus ar an tslí a ndeachaigh an dá réimse sin isteach ina chéile, ar réimsí iad ar tugadh tosaíocht dóibh.

4.2 Áiríodh ar na príomhdhoiciméid a bhí bainteach le tosaíochtaí na Roinne Oideachais an doiciméad dar teideal *Business Plan 2008 – 09*[3] agus an doiciméad straitéise: *Gach Scoil ina Scoil Mhaith*.[4] Mar chuid den phróiseas seo, chuathas i dteagmháil le daoine tábhachtacha sa Roinn agus cuireadh agallamh orthu le teacht ar an eolas is déanaí faoi thosaíochtaí na Roinne. Cuireadh an t-eolas a fuarthas leis na doiciméid éagsúla.

4.3 Ba é an chéad chéim eile torthaí agus éifeachtaí tionscadal de chuid an TLRP a léiriú mar thosaíochtaí taighde agus mar cheisteanna beartais Roinne, chomh luath agus a aithníodh iad. Mar chuid de seo, cuireadh príomhthorthaí agus impleachtaí gach tionscadail de chuid an TLRP le chéile agus rinneadh a mhéid a bhain siad le tosaíochtaí na Roinne a mheas. Cuireann an tuarascáil seo ar chumas an léitheora teacht ar achoimrí agus ar acmhainní Idirlín trí hipearnaisc sa téacs agus sna haguisíní.

---

[3] Plean Gnó 2008-09, An Roinn Oideachais, http://www.deni.gov.uk/final_business_plan_2008_09_pdf_200kb.pdf

[4] Gach Scoil ina Scoil Mhaith, 2008, An Roinn Oideachais, http://www.deni.gov.uk/literacy_and_numeracy_strategy_-_english.pdf

5 Tosaíochtaí Beartas agus Taighde de chuid na Roinne Oideachais

5.1 Tá an Roinn Oideachais freagrach as riarachán lárnach gach gné d'oideachas scoile, d'oideachas na luathbhlianta agus de na seirbhísí gaolmhara. Moladh san Athbhreithniú ar Riarachán Poiblí le déanaí go ndéanfaí an córas oideachais a athstruchturú le caighdeán na seirbhísí oideachais a fheabhsú. Táthar ag tnúth go dtacóidh an tÚdarás nua Oideachais agus Scileanna leis na scoileanna nuair a thiocfaidh sé i bhfeidhm sa bhliain 2010, agus go ndíreoidh an Roinn ar cheapadh beartas agus ar threoir a sholáthar don earnáil oideachais.

5.2 Faoi láthair is iad na réimsí seo a leanas a mbíonn an Roinn freagrach astu: an t-oideachas réamhscoile, iar-bhunscoile agus an t-oideachas speisialta; an tSeirbhís don Óige; cur chun cinn caidrimh phobail lastigh agus lasmuigh de scoileanna; tuarastail agus oideachas múinteoirí. Is é príomhdhualgas reachtúil na Roinne oideachas páistí agus daoine óga i dTuaisceart Éireann a chur chun cinn agus feidhmiú éifeachtúil beartais oideachais a chinntiú. Tríd an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna, tá an Roinn freagrach as caighdeán an teagaisc, na foghlama agus as caighdeán oideachais na múinteoirí a mheas agus a thuairisciú.

5.3 Is é aidhm na Roinne a chinntiú go ndéanann gach foghlaimeoir a chumas foghlama a chomhlíonadh. Díríonn plean gnó na Roinne ar líon comhaontuithe cuí na seirbhíse poiblí (PSA)[5]. Tá Comhaontú 10 agus 19 de chuid na Seirbhíse Poiblí bainteach le hábhar go háirithe:

- Comhaontú 10 de chuid na Seirbhíse Poiblí – Ag cabhrú le páistí agus le daoine óga cuspóirí a bhaint amach tríd an oideachas;
- Comhaontú 19 de chuid na Seirbhíse Poiblí – Ag ardú chaighdeán na scoileanna.

[5] Plean Gnó RO 2008-09, http://www.deni.gov.uk/final_business_plan_2008_09_pdf_200kb.pdf

5.4 I ndiaidh na tuarascála is déanaí de chuid an Phríomh-Chigire (ETI), don tréimhse 2006-2008[6], aithníodh cúig thosaíocht le cuspóirí PSA na Roinne a bhaint amach. Is iad na tosaíochtaí sin:

- Caighdeáin a ardú do chách;
- Rochtain ar oideachas atá ar ardchaigheán a éascú;
- An lucht oibre i réimse an oideachais a fhorbairt;
- An timpeallacht foghlama a fheabhsú;
- Riarachán oideachais a athrú.

5.5 Is clár leathan é an TLRP agus, dá bhrí sin, ní dhíríonn sé go sainiúil ar na tosaíochtaí seo go léir ach déantar iarracht sa tuarascáil seo léargas a sholáthar atá bainteach le cúrsaí beartas Thuaisceart Éireann. Mar shampla, maidir le torthaí foghlama a fheabhsú, agus le caighdeáin a ardú, tháinig tionscadal TLRP i Sasana (*Nunes et al*) ar an eolas go bhféadfaí cúrsaí litrithe agus foclóra a fheabhsú trí 'mhoirféimí' a mhúineadh, i dteannta an róil a bhíonn acu i gcúrsaí dá leithéid. Ina theannta sin, fuair na taighdeoirí amach go gcabhraíonn coincheapa simplí, ar nós choincheap na 'comhroinnte', le leanaí coincheapa deacra matamaiticiúla a thuiscint (ar nós codán), de bhrí go mbíonn taithí acu orthu. Tabharfar léiriú air seo agus ar shamplaí eile de thorthaí taighde ón TLRP níos déanaí sa tuarascáil seo le cabhair a thabhairt do lucht déanta beartas na Roinne.

5.6 Déanann an Roinn taighde a choimisiúnú atá tábhachtach do chleachtóirí agus do lucht déanta beartas. Le déanaí, ba é ceann de na príomhchuspóirí taighde ná caighdeáin litearthachta agus uimhearthachta a ardú, le béim ar Bhunchéim na luathbhlianta agus ar Phríomhchéim 1. Aithníonn an Roinn go dtacaíonn an litearthacht agus an uimhearthacht leis an churaclam. Ina theannta sin, aithnítear an tábhacht a bhaineann le lámh chuidithe a shíneadh chuig na leanaí ag an chéim luath seo. Nuair a thiocfaidh an tÚdarás Oideachais agus Scileanna i bhfeidhm in 2010, beidh fianaise taighde údarásach bainteach le hábhar go speisialta. Beidh soláthar na tacaíochta proifisiúnta bunaithe air seo le cinntiú go ndéanfar caighdeáin litearthachta agus uimhearthachta a fheabhsú sna scoileanna.

---

[6] Tuarascáil an Phríomhchigire, 2006-2008, An Chigireacht um Oideachas agus Oiliúint (2009) http://www.etini.gov.uk/ci_report.pdf

6 Torthaí TLRP agus Comhthéacs Thuaisceart Éireann

6.1 Le linn díospóireachtaí leis an Roinn, cuireadh béim ar an imní a bhí orthu faoi chaighdeáin litearthachta agus uimhearthachta. I dtuarascáil an Phríomh-Chigire, mar shampla, rinneadh a thaifeadadh nach mbaineann aon chúigiú de pháistí i dTuaisceart Éireann amach an leibhéal litearthachta agus uimhearthachta dá n-aois[7]. Is cúis imní faoi leith é an difríocht idir leibhéil ghnóthachtála san earnáil, a bhfuil béim curtha uirthi ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD) sa tuarascáil (PISA)[8] uathu ar an Chlár um Mheasúnú ar Mhic Léinn Idirnáisiúnta, 2006. Ar na tíortha go léir ar baill den OECD iad, bhí Tuaisceart Éireann san áit ab ísle sna táblaí go léir maidir le feidhmíocht sa mhatamaitic (36ú háit), san eolaíocht (50ú háit) agus sa léitheoireacht (41ú háit).

6.2 Cé go bhfuil cúrsaí níos measa mar thoradh ar an chóras roghnaíoch oideachais, a fheictear torthaí difriúla idir scoileanna roghnaíocha agus neamhroghnacha dá bharr, ní bhíonn sé mar sin go heisiach. Is ann d'imní ollmhór, dá bharr, faoin tslí ar féidir caighdeán oideachais agus torthaí foghlama na mac léinn go léir a fheabhsú. Is é bun agus barr an scéil go gcaithfí oideachas ar ardchaighdeán a fheabhsú do gach duine, go háirithe le linn na luathbhlianta múnlaitheacha. Bíonn forbairt na scileanna litearthachta agus uimhearthachta an-tábhachtach le linn na luathbhlianta sin le go mbeidh rath ar na mic léinn níos déanaí sa saol. Tá sé tábhachtach freisin leis an bhearna idir na hardghnóthachtálaithe agus iad siúd nach mbíonn chomh rathúil sin a laghdú. Is príomhchúram na Roinne é cúrsaí litearthachta agus uimhearthachta a fheabhsú. Tá ceannaireacht scoile agus úsáid éifeachtach na gcóras measúnaithe ina bpríomhchúraimí freisin le feabhas a chur ar scoileanna.

6.3 Is ar oideachas na luathbhlianta, ar an bhunoideachas agus ar an oideachas iar-bhunscoile atá béim na dtionscadal de chuid an TLRP, ar tionscadail iad atá bainteach le tosaíochtaí na Roinne. Is é an aidhm atá leo ná aghaidh a

---

[7] Tuarascáil an Phríomhchigire, 2006-2008,An Chigireacht um Oideachas agus Oiliúint (2009) http://www.etini.gov.uk/ci_report.pdf

[8] Programme for International Student Achievement 2006, Organisation for Economic Cooperation and Development http://www.oecd.org/document/2/0,3343,en_32252351_32236191_39718850_1_1_1_1,00.html

thabhairt ar na ceisteanna is mó díol spéise. Chun críocha na tuarascála seo, is iad seo a leanas na catagóirí anailíse:

- Torthaí foghlama a fheabhsú agus caighdeáin a ardú
- Deiseanna foghlama agus inspreagtha a fheabhsú
- Teagasc a fheabhsú
- Impleachtaí maidir le beartas agus cleachtas

6.4 Ar ndóigh, bíonn na catagóirí seo ag dul isteach ina chéile i gcomhthéacs ar bith a chlúdaíonn cúrsaí foghlama agus teagaisc. Déantar iarracht sna catagóirí seo a leanas, den chuid is mó, béim a chur ar na gnéithe is ábharthaí de thaighde an TLRP, ó thaobh na catagóra a bhfuil anailís á déanamh uirthi.

7 Torthaí foghlama a fheabhsú agus caighdeáin a ardú

7.1 Ta nasc casta idir feabhsú na dtorthaí foghlama, agus feabhsú an teagaisc agus na foghlama. Díríonn cuid mhór de thionscadail an TLRP ar na himpleachtaí a bhaineann leis an teagasc agus le forbairt phroifisiúnta na múinteoirí. Tugtar aghaidh ar an teagasc a fheabhsú níos déanaí sa tuarascáil seo. D'fhorbraigh an TLRP léargas ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí freisin, áfach, agus déantar machnamh ar chuid acu sin sa rannán seo.

7.2 Bíonn rialtais agus córais oideachais trasna an domhain ag iarraidh torthaí scolaíochta a fheabhsú i gcónaí. I dTuaisceart Éireann, aithnítear go bhfeictear cuid mhór tearcghnóthachtála i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna, go háirithe maidir le gnéithe litearthachta agus uimhearthachta. Bhí trí thionscadal ag an TLRP a raibh sé mar phríomhaidhm acu torthaí foghlama a fheabhsú maidir le gnéithe litearthachta agus uimhearthacha, agus le tuiscint choincheapúil sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht a fheabhsú chomh maith.

7.3 Chuir *Nunes et al* , mar shampla, béim ar na caighdeáin litearthachta agus uimhearthacha a fheabhsú ag Príomhchéim 2. Ba é an cás a bhí aici ná nach dtugtar go leor airde ar fhoghlaim na 'moirféimí' i measc páistí (is iad sin na haonaid bheaga léitheoireachta a bhfuil brí faoi leith leo .i. 'un-', 'break' agus '-able' an Bhéarla - 'unbreakable'. Sa suirbhé a rinneadh ar níos mó ná 7,000 dalta iar-bhunscoile, chonacthas deacrachtaí litrithe i bhfocail a mbíonn an

fhuaim chéanna acu ach foircinn dhifriúla, mar shampla na focail Bhéarla ‘magician’ agus ‘emotion’. Críochaíodh go bhféadfaí foclóir agus litriú páistí a fheabhsú trí chabhair a thabhairt dóibh bheith feasach ar ról na moirféimí. Agus úsáid á baint as formáid cluiche IT i measc níos mó ná 1,000 dalta, forbraíodh ábhair a chabhraíonn le daltaí na nithe seo a leanas a dhéanamh go rathúil: moirféimí a chur le focail agus a bhaint ó fhocail; analaí a dhéanamh; moirféimí a áirimh; buille faoi thuairim a thabhairt faoi bhrí focal - ar focail iad a chumtar de mhoirféimí; catagóirí gramadaí a aimsiú do mhoirféimí a roghnaítear.

7.4 Chomh maith leis sin, fuair *Nunes et al* amach go ndéantar tuiscint páistí ar bhunchoincheapa matamaiticiúla a fheabhsú, ar nós codán, nuair is féidir leo nasc a chruthú idir iad agus a gcuid taithí phearsanta. Is nithe deifnídeacha iad ‘cainníochtaí fairsinge’, mar a thugtar orthu (líon rudaí mar shampla) ar féidir a thuiscint agus a úsáid go héasca. Is nithe coibhneasta iad, áfach, na ‘dianchainníochtaí’ ar nós codán agus bíonn deacrachtaí ag páistí tuiscint a fháil ar an tslí ar féidir iad a úsáid; is minic a bhíonn an mhíthuiscint seo orthu fós agus iad ina ndaoine fásta. Taispeánadh sa tionscadal seo go bhféadfaí tuiscint páistí ar chodáin a fheabhsú go mór dá mbeadh sé bainteach lena gcuid taithí phearsanta féin, ar nós choincheap na comhroinnte. Mar shampla, dá bhfaigheadh páiste amháin leath de cháca mór, agus dá bhfaigheadh páiste eile leath de cháca beag, tuigtear nach mbeadh an méid céanna ag an dá pháiste. Taispeánadh sa staidéar seo gur theastaigh idir 5 agus 8 gceacht idirghabhála, ar ceachtanna iad a dearadh go speisialta, le cabhair a thabhairt do pháistí a gcuid taithí phearsanta a úsáid mar bhonn foghlama.

7.5 I dtionscadal Albanach forleathnúcháin de chuid *Howe et al*, rinneadh ábharthacht na ‘ndianchainníochtaí’ a chinntiú i dtionscadal ina raibh a mhacasamhail de bhéim. Bhí páistí idir 5 agus 14 bliana d’aois páirteach ann. Taispeánadh go ndéantar faillí i múineadh na ‘ndianchainníochtaí’ in Albain agus go bhfeictear deacrachtaí san fhadtréimhse dá bharr. Taispeánadh go raibh sé tábhachtach tuiscint na mac léinn ar na ‘dianchainníochtaí’ a fhorbairt, ní hamháin i gcomhair caighdeáin uimhearthachta, ach le nasc a chruthú idir an mhatamaitic agus an eolaíocht. Fuarthas amach nach bhfaightear máistreacht air gan oiliúint faoi leith agus gur féidir torthaí foghlama a fheabhsú sa réimse seo trí idirghabháil cúpla uair a chloig a dhéanamh.

7.6 Thaispeáin taighde an TLRP gur foinse tábhachtach eolais do mhic léinn é an t-eolas a fhaightear sa bhaile, nach gcuirtear san áireamh go minic. Cuirtear béim faoi leith ar naisc bhaile agus scoile in 'Gach Scoil ina Scoil Mhaith'[9]. Thaispeáin tionscadal an TLRP de chuid *Hughes et al* go mbíonn tionchar dearfach ag malairtí eolais baile agus scoile ar leibhéal gnóthachtála na mac léinn i gcúrsaí litearthachta agus matamaitice, go háirithe maidir leis an dul chun cinn litearthachta idir Bliain 6 agus Bliain 7 (ar ionann iad seo agus Bliain 7 agus 8 i dTuaisceart Éireann faoi seach). Ní mór a rá, áfach, nach ndearnadh mórán dul chun cinn sa mhatamaitic go staitistiúil agus nach raibh an dul chun cinn a rinneadh i gcúrsaí litearthachta mar an gcéanna i ngach scoil a bhí páirteach leis. Léirigh tionscadal gaolmhar eile de chuid *Brookes* na buntáistí a bhain le malairtí eolais baile agus scoile do mhic léinn oilte sa mheánscoil.

7.7 Féachadh ar an tuiscint choincheapúil – i gcomhthéacs na heolaíochta an uair seo - i dtionscadal de chuid *Millar et al* chomh maith. Bhain cuid mhór de na torthaí seo leis an teagasc. Forbraíodh sa tionscadal seichimh bheaga teagaisc a chuir feabhas ar thuiscint na mac léinn ar choincheapa eolaíochtúla a bhaineann leis an éiginnteacht, leis an tástáil, le tuiscint ar shonraí agus le cabhair don tsochaí.

7.8 Nuair a cuireadh i bhfeidhm i seomraí ranga Thuaisceart Éireann é, trí *McGuinness and Sheehy,* taispeánadh gur teicníc eile é scileanna ceapadóireachta a fhorbairt, ag Príomhchéim 2, le torthaí foghlama cuid mhór páistí a fheabhsú. Cuireadh an phríomhbhéim ar mhúineadh iomlán na scileanna ceapadóireachta. Ba iad na páistí a raibh scileanna measartha nó ardfhorbartha acu ar na páistí a bhain an tairbhe ba mhó as (.i. 80% páistí a bhí páirteach ann). Theastaigh níos mó ama agus airde ó na páistí a raibh cumas níos laige cognaíoch acu.

7.9 Fuarthas amach i dtionscadal *Plowman and Stephen* go gcuirtear le torthaí foghlama páistí i naíolanna, trí theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC), nuair a fhaigheann siad treoir ón múinteoir. Ní bhíonn sé chomh héifeachtúil sin agus iad á húsáid ina gcuid am saor. Taispeánadh go gcuireann idirghníomhaíocht threoraithe le claonadh dearfach chun foghlama

---

[9] Gach Scoil ina Scoil Mhaith, 2008, An Roinn Oideachais, http://www.deni.gov.uk/literacy_and_numeracy_strategy_-_english.pdf

a chothú i measc foglaimeoirí óga, mar aon leis an eolas a bhíonn acu ar an domhan, a gcuid scileanna oibríocha agus comhordú lámh agus súl.

7.10 Rinne 'comhthionscadal' dar teideal *'Effective Pre-school and Primary Education', (EPPE) (Sylva et al)* iniúchadh ar na héifeachtaí a bhíonn ag an oideachas réamhscoile ar fhorbairt páistí. Bhí an chéad tionscadal ar an iniúchadh ba mhó ó thaobh ama de san Eoraip ar na héifeachtaí a bhíonn ag oideachas réamhscoile ar fhorbairt páistí ag tús na bunscolaíochta (3,000 dalta, 141 suíomh réamhscoile). Fuair na taighdeoirí amach go bhfeictear forbairt níos fearr intleachtúil i measc páistí idir 6 agus 7 mbliana d'aois má fhreastalaíonn siad ar réamhscoil go luath (agus iad faoi bhun 3 bliana d'aois). Cuireann sé le neamhspleáchas, le díriú intinne agus le caidreamhacht na bpáistí freisin. Is síneadh cúig bliana atá i gceist leis an gcéim is deireanaí den tionscdal seo (EPPE 3-11) agus tá fianaise aige go bhfeictear tairbhe na réamhscolaíochta i measc páistí 10 mbliana d'aois ag Príomhchéim 2.

8 Deiseanna foghlama agus Mianach Inspreagtha na mac léinn a fheabhsú

8.1 Ba é ceann de na cúiseanna le Curaclam Athbhreithnithe Thuaisceart Éireann (RNIC) ná go gcuirfí an timpeallacht foghlama agus teagaisc in oiriúint do gach mac léinn. Is fís na Roinne é an méid seo, as an doiciméad beartais *Gach Scoil ina Scoil Mhaithl*, a foilsíodh le déanaí:

> *'...To ensure that every learner fulfils his or her full potential at each stage of her or his development.' Lth 3*

8.2 Is gné amháin den fhís seo réimsí gníomhaíochtaí foghlama a sholáthar sa churaclam, agus ar shlí théamach go minic. Cé nach dtugann aon tionscadal faoi leith, de chuid an TLRP, aghaidh ar an chur chuige nuálaíoch seo i leith an churaclaim, is ann do thorthaí taighde a dhíríonn ar níos mó deiseanna foghlama a fhorbairt, a mbeidh níos mó éagsúlachta ag baint leo.

8.3 Tugadh le tuiscint i dtionscadal *Plowman and Stephen'INTERPLAY: Play, Learning and ICT in Pre-School Education'* go bhféadfaí páistí réamhscoile a spreagadh níos mó chun foghlama trí úsáid a bhaint as TFC i dtimpeallacht chothrom mar a mbainfí feidhm as gníomhaíochtaí féintionscanta, mar aon le gníomhaíochtaí faoi threoir daoine fásta. Bheadh na gníomhaíochtaí seo sa bhreis ar na torthaí is fearr foghlama a d'fheicfí mar thoradh ar threoir mhaith an mhúinteora. Sa tionscadal seo, thángthas ar an tuairim go bhféadfaí cur le

deiseanna breise foghlama trí fhoirmeacha eile teicneolaíochta ar nós an ghutháin phóca, ceamaraí socra digiteacha agus físcheamaraí, mar aon le bréagáin leictreonacha eile, sa bhreis ar an ríomhaire.

8.4 Is dúshlán eile do mhúinteoirí é gach duine a spreagadh, go háirithe na mic léinn atá faoi mhíbhuntáiste, toisc gur fadhb é an easpa geana agus rannpháirtíochta foghlama i cuid mhór scoileanna. Is éard is cúis le leibhéil tearcghnóthachtála go bunúsach. Ní feiniméan nua é seo, ar ndóigh, agus tá dul chun cinn mór déanta ag scoileanna i dTuaisceart Éireann trí thionscadail ar nós 'Multi-agency working in Northern Ireland', a rinne iniúchadh ar an tslí ar féidir gníomhaireachtaí éagsúla obair le chéile ar shlí níos fearr le troid i gcoinne eisiamh sóisialta sna scoileanna. Ba é tuairim *Gallagher et al* nach mór caidrimh a bhunú atá bunaithe ar mhuinín le go mbeidh rath ar an chomhoibriú seo. Ní mór do na caidrimh sin díriú ar thorthaí ar féidir a bhaint amach. Fuarthas amach, chomh maith, go raibh gá le rannpháirtíocht níos mó ó ghníomhaireachtaí seachtracha. Mar thoradh ar neamhspleáchas nua na scoileanna agus iad ag cur na gcuraclam in oiriúint dá gcuid mac léinn (tríd an RNIC), ba chóir go mbeifí ag spreagadh mic léinn le bheith páirteach níos mó ina gcuid oideachais féin.

8.5 I gceann amháin de líonraí Chéim 1 an TLRP '*Consulting Pupils about Teaching and Learning: Process, Impact and Outcomes' (Rudduck et al)*, díríodh ar thábhacht ghnéithe na timpeallachta scoile le haird na mac léinn a tharraingt ar shlí níos iomláine. Sa tionscadal seo, thángthas ar an tuairim go nglacann mic léinn páirt níos mó i gcúrsaí foghlama, agus go mbíonn siad níos tiomnaithe dóibh, nuair a bhraitheann siad go bhfuil tábhacht ag baint leo sa scoil, agus nuair a théitear i gcomhairle leo faoi phróisis scoile. Maidir le *Rudduck et al*, is féidir mic léinn a spreagadh le níos mó freagrachta a ghlacadh as a gcuid oideachais féin má théitear i gcomhairle leo. Sholáthair *Leitch et al* fianaise gur féidir dul i gcomhairle le mic léinn faoi bheartas oideachais ar shlí dhíreach agus éifeachtúil (lena gcuid tuairimí a fháil faoin tslí ar féidir cuntas a choimeád ar an dul chun cinn a dhéanann siad). Fuarthas amach go bhfeictear leibhéal níos airde rannpháirtíochta i measc na mac léinn, agus go dtéann siad i ngleic níos mó le cúrsaí foghlama, nuair a théitear i gcomhairle leo faoi phróisis ranga – nuair a dhéantar cinneadh faoin tslí ar féidir an fhoghlaim a mheas, mar shampla.

8.6 Déanann '*Ainscow* and his colleagues' argóint nach féidir torthaí níos fearr foghlama a bhaint amach tríd an churaclam a mhúineadh ar shlí níos déine

amháin. Mar rogha air sin, aithníodh na buntáistí a bhaintear as an mhachnamh a dhéanfadh na múinteoirí ar thaithí scoile na mac léinn, ó thaobh a gcuid cleachtas féin. Feictear na buntáistí sin nuair a theastaíonn uatha a chinntiú go mbaineann na mic léinn níos mó taitnimh as an fhoghlaim, agus go bhfuil féinmheas na mac léinn á fheabhsú.

8.7 D'oibrigh '*Blatchford* and his colleagues*'* le grúpaí mac léinn i seomraí ranga Phríomhchéim 1 – 3. Tugann na torthaí le tuiscint go gcuireann obair ghrúpa le páirtíocht na mac léinn i ndíospóireachtaí ar leibhéil níos airde, agus go ndéanann sé a gcuid iompair agus a gcuid tuairimí a fheabhsú. Bhí éifeachtaí suntasacha dearfacha ag obair ghrúpa, nuair a cuireadh i bhfeidhm go rathúil é, ar dhul chun cinn na mac léinn. Maidir leis na héifeachtaí sin, i bPríomhchéim 1 chonacthas réimse idir 0.22 agus 0.62 sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic, agus i bPríomchéim 2 chonacthas réimse idir 0.21 agus 0.58 san eolaíocht. Measadh gur tháinig feabhas ar na caidrimh idir na múinteoirí agus na mic léinn, agus i measc na mac léinn iad féin chomh maith. Ba léir go raibh leibhéil níos cothroime rannpháirtíochta sna ranganna, le hidirghníomhaíochtaí a bhí níos dírithe agus níos leanúnaí, agus a bhí bunaithe ar fhoghlaim.

8.8 I staidéar forleathnúcháin Albanach, a raibh níos mó ná 600 dalta bunscoile ó 24 scoil páirteach ann, rinne *Christie et al* iniúchadh ar na hacmhainní atá ann le hobair ghrúpa a chur i bhfeidhm i gceart. Taispeánadh sa tionscadal an cumas atá ann tairbhe a bhaint as réimse bearta eolaíochta. Aithníodh próisis shóisialta na comhroinnte, na díospóireachta, na gcomhaontuithe, agus na dtaifeadaí mar phríomhghníomhaíochtaí chun obair ghrúpa a dhéanamh le héifeacht.

8.9 Ba ghné é seo de thionscadal *Kennewell et al'* freisin, is é sin an tairbhe a bhaineann le hobair ghrúpa a aithint, mar aon leis an tslí ar féidir tacú leis trí TFC. Fuarthas amach sa tionscadal go gcabhraíonn TFC le mic léinn dul i ngleic le hábhar ceachta. Ní mór do mhúinteoirí bheith cúramach, áfach, go mbaineann na mic léinn na cuspóirí cuí foghlama amach i dteannta na scileanna TFC.

9 Teagasc a fheabhsú

9.1 Pé acu a bhain sé le torthaí foghlama, le deiseanna foghlama nó le mianach inspreatha na bhfoghlaimeoirí, ní féidir ach cuid an-bheag d'ábhar an dá

rannán roimhe seo a ionramháil mar ábhar ann féin go rathúil, gan an gá atá le múinteoirí a chur san áireamh, ar múinteoirí iad a théann i ngleic leis an phróiseas foghlama, ar shlí iomlán agus éascaitheach. De réir na tuarascála ar a dtugtar *McKinsey Report* (2007)[10], is céim mhór chun tosaigh é nuair a bhaintear an caighdeán ceart teagaisc amach, maidir le feidhmíocht agus le torthaí foghlama a fheabhsú. Sholáthair an TLRP cuid mhór léargas suntasach ar an tslí ar féidir teagasc níos éifeachtúla a bhaint amach. Maidir le tosaíochtaí na Roinne, tá sé mar chuid riachtanach de PSA 19: 'Raising standards in our schools'. Tá sé seo ar fáil sa réimse ina ndéantar oideachas don lucht oibre a fhorbairt. Chuir an Príomh-Chigire, Stanley Goudie, béim ar fhorbairt phroifisiúnta na múinteoirí le déanaí agus cur síos á dhéanamh aige uirthi mar cheist nár tugadh fúithí i gceart go fóill ach a mbíonn gá mór ag baint léi.

> *'…There is proportionately insufficient investment in the development of the teachers and the educational workforce compared with that invested in changing structures and systems. The need to ensure a range of continuing professional development for those who lead, manage and teach has never been greater. There is a need for more multi-disciplinary, continuing professional development for the staff working across the education, training and youth services to provide more adequate and holistic support for our children and young people…'* **Chief Inspector's Report (2009). p67**[11]

9.2 Cé go bhfuil sé soiléir go bhfuil an mianach ceart i gcuid mhaith múinteoirí i dTuaisceart Éireann, is féidir dul chun cinn a dhéanamh i gcónaí agus feabhas leanúnach a chur ar an teagasc ar bhonn machnamhach cleachtaidh (GTCNI[12]). Dá bhrí sin, bainfidh tábhacht láithreach le léargas ar bith a sholáthróidh an TLRP sa réimse seo. Cuirtear béim san achoimre seo a leanas ar thionscadail inar léiríodh an tslí ar féidir teagasc a fheabhsú i líon comhthéacsanna, mar aon leis an tslí ar féidir tabhairt faoi fhorbairt phroifisiúnta do mhúinteoirí.

9.3 Bhí 300 múinteoir páirteach i gcomhthionscadal de chuid an TLRP dar teideal *'**Variations in Teachers' Work, Lives, and their Effects on Pupils**, VITAE'.*

---

[10] How the World's Best-Performing School Systems Come Out on Top, McKinsey and Company, 2007, http://www.mckinsey.com/App_Media/Reports/SSO/Worlds_School_Systems_Final.pdf

[11] Chief Inspector's Report, 2006-2008 The Education and Training Inspectorate (2009) http://www.etini.gov.uk/ci_report.pdf

[12] Teaching: The Reflective Profession, General Teaching Council for Northern Ireland, http://gtcni.openrepository.com/gtcni/handle/2428/12403

Rinneadh machnamh ann ar ghnéithe a bhaineann le fiúntas an teagaisc/mianach an mhúinteora, mar aon le héifeachtúlacht an teagaisc. Tháinig taighdeoirí an tionscadail ar an tuairim go mbaineann sé le dealramh go mbíonn múinteoirí somheanmnacha agus tiomanta níos sásta leis an teagasc, agus níos sásta iontu féin, ná mar a bhíonn múinteoirí eile. Is é is dóichí go mbíonn a gcuid mac léinn níos rathúla chomh maith. .

9.4 Tháinig *Millar et al* ar an tuairim go mbíonn rath ceachtanna eolaíochta ag brath ar mhodhana teagaisc an mhúinteora agus ar an chumas atá ann díospóireacht a thosú sa seomra ranga. I gcomhar le rannpháirtithe an tionscadail, d'fhorbraigh na taighdeoirí ábhair teagaisc, bunaithe ar fhianaise taighde, faoin tslí is fearr le gnéithe eolaíochta a mhúineadh le go bhfoghlaimeoidh an mac léinn níos mó. Fuarthas amach go gcuirtear le cleachtais teagaisc agus foghlama nuair a bhaineann na múinteoirí leas as taighde nuair a bhíonn ábhair teagaisc á bhforbairt acu.

9.5 Tá forbairt phroifisiúnta an mhúinteora tábhachtach i líon comhthéacsanna. Mar a luadh thuas, fuair *Plowman and Stephen* amach go raibh sé riachtanach cabhair a thabhairt do chleachtóirí úsáid a bhaint as teicnící, idirghníomhaíocht threoraithe sa seomra ranga, mar shampla, agus TFC á chur os comhair páistí réamhscoile den chéad uair. Rinne *Kennewell et al* iniúchadh ar TFC agus thángthas ar an tuairim gur cuireadh lena héifeachtúlacht nuair a úsáideadh é chun na mic léinn a spreagadh le machnamh a dhéanamh agus le páirt a ghlacadh in idirghníomhaíocht dhialógach. Rinneadh machamh sa tionscadal seo ar úsáid na gclár bán idirghníomhach chomh maith agus a riachtanaí agus atá sé go ndéanann múinteoirí machnamh ar an tslí ar féidir leo cur lena modhanna teagaisc go héifeachtúil. Mar a luadh thuas, sna tionscadail litearthachta agus uimhearthacha *Nunes et al*, cabhraíonn teicnící le páistí a gcuid deacrachtaí litrithe a shárú. Is sampla de seo é múineadh na moirféimí, mar shampla, mar aon leis an ról litrithe a bhíonn acu.

9.6 Ba ar theicneolaíochtaí nua, agus ar an chumas atá iontu cur leis an fhoghlaim, a cuireadh béim an tionscadail taighde, le *Sutherland et al.* Rinneadh iniúchadh ar an tslí ar féidir le mic léinn cur lena gcuid foghlama 'lasmuigh den scoil' le cur leis an méid a fhoghlaimaítear sa seomra ranga. Is sampla de seo iad na scileanna TFC a fhorbraítear sa bhaile. Rinneadh idirdhealú idir an fhoghlaim 'shaintréitheach' agus an fhoglaim 'bheartaithe'. Is le rannpháirtíocht phearsanta na mac léinn (thar thréimhse fhada ama

b'fhéidir) a bhaineannn an fhoghlaim shaintréitheach agus baineann an dara ceann le treoir agus le hionchur an mhúinteora. Thángthas ar an tuairim gur cuid lárnach é ionchur an mhúinteora in úsáid rathúil TFC. Ní mór an teagasc a fheabhsaítear le TFC bheith mar ábhar na forbartha proifisiúnta. Díríonn tionscadal TFC *Kennewell et a*l ar an tábhacht go ndéantar caidreamh machnamhach a éascú idir an múinteoir agus an breathnóir le go bpléifidh siad agus go ndéanfaidh siad machnamh ar a chuid scileanna teagaisc.

9.7 In dhá thionscadal de chuid an TLRP, (*Ainscow et al* agus *Davies et al*), rinneadh iniúchadh ar an tslí is fearr ar féidir cleachtais níos cuimsithí a chur os comhair múinteoirí. Thángthas ar an tuairim, sa dá thionscadal, nach mór do mhúinteoirí a gcuid réamhthuairimí, agus a gcuid tuairimí nach bhfuil cruinn, faoi chumas na mac léinn a cheistiú, mar aon leis an tslí is fearr ar féidir leo iad a mhúineadh. Fuarthas amach go gcuireann tuairimí dá leithéid bac le foghlaim na mac léinn. Chomh maith leis sin, cabhraíonn sé leis na múinteoirí má théann siad i ngleic le taithí na mac léinn ar na cleachtais a bhíonn acu féin.

10 Impleachtaí maidir le Beartas agus Cleachtas

10.1 Tá impleachtaí maidir le beartas agus cleachtas i dtaighde an TRLP ar an iomlán. Mar shampla, tugann *James et al* le tuiscint go bhféadfadh comhthéacsanna beartas bac a chur ar an nuálaíocht nó athruithe a spreagadh sna scoileanna. Mhaígh *Rudduck et al* go bhféadfaí cleachtais nuálaíochta teagaisc a úsáid sna scoileanna mar bhonn forbartha beartas.

Leagtar impleachtaí na dtionscadal de chuid an TLRP amach faoi cheithre chatagóir (baineadh an t-eolas seo ó James agus Pollard, 2008 go príomha[13]): Torthaí Foghlama a fheabhsú agus Caighdeáin a Ardú, Deiseanna Foghlama agus Mianach Inspreagtha a Fheabhsú, an Teagasc a Fheabhsú, agus Beartas. Aithnítear nach ann do theorainneacha daingne eatarthu agus go bhféadfadh cuid mhór de na ceisteanna dul isteach ina chéile.

[13] Learning and Teaching in Primary Schools: Insights from TLRP, James, M. and Pollard, A. (2008) Research Report 2/4, The Primary Review … Children, Their World, Their Education, Esmee Fairburn & University of Cambridge, http://gtcni.openrepository.com/gtcni/handle/2428/26633

10.2 Torthaí Foghlama a Fheabhsú agus Caighdeáin a Ardú

Nunes et al:	• Ba chóir go gcuirfí ina luí ar mhúinteoirí an tábhacht a bhaineann le moirféimí i gcúrsaí litrithe agus gur chóir teagasc córasach faoi mhoirféimí a thabhairt isteach i mbunscoileanna. • Nuair a bhítear ag teagasc codán do dhaltaí ba chóir go mbeadh fócas ar choibhneasa loighiciúla san áireamh, ach ba chóir go mbeadh sé seo bunaithe ar imfhios na ndaltaí. • Ní mór d'oiliúint múinteoirí cuidiú le múinteoirí tuiscint a fháil ar imthuiscint daltaí ar loighic na gcodán agus na cásnna ina mbíonn siad sothuigthe.
Howe et al:	• Ba chóir go dteagascfaí dianchainníochtaí, agus úsáid na gcodán chun iad a ainmniú, go soiléir i mbunscoileanna óir ní féidir a bheith ag dúil leis go ndéanfaidh daltaí a gcuid eolais a ghinearálú ó ollchomhthéacsanna go dianchomhthéacsanna. • Fuarthas amach go gcuidíonn cláir ghairide teagaisc le daltaí coincheapa coibhneasta na ndianchainníochtaí a chomhshamhlú.
Kennewell et al:	• Is féidir foghlaim a fheabhsú má spreagann acmhainní agus forbairt phroifisiúnta múinteoirí TFC a úsáid le tacú le hidirghníomhú dialógach, lena n-áirítear foirmeacha cainte in obair ghrúpa.

10.3 Deiseanna Foghlama agus Mianach Spreagtha a Fheabhsú

Blatchford et al:	• Is féidir go n-éireoidh le hobair ghrúpa agus go mbeidh sí le leas gnóthachtála, spreagtha agus iompair. • Ní mór tabhairt faoi scileanna obair ghrúpa go fórasach: scileanna sóisialta ar dtús, scileanna cumarsáide ina dhiaidh sin, agus ansin réiteach fadhbanna.
McGuinness	• Glacann sé am cumas daltaí chun foghlama a fhorbairt agus ní

and Sheehy:	mór aird faoi leith a dhíriú orthu siúd a bhfuil acmhainní níos boichte sóisialta agus cognaíocha acu. Mar gheall air seo éilítear ar mhúinteoirí a gcuid cleachtas agus creideamh mar fhoghlaimeoirí a fhorbairt.
Plowman and Stephen:	• Ba chóir go leathnófaí suíomhanna réamhscoile a bhfócas níos faide ná ríomhairí chuig foirmeacha eile de TFC agus ba chóir go dtuigfí go bhforbraítear cumas leanaí le TFC sa bhaile.
Hughes et al and *Brookes*	• Ba chóir go ndíreofaí aird ar thimpeallachtaí dearfacha seomra ranga a chruthú ina léirítear meas, muinín agus comh-mhalartú dínite. • Bíonn an oiread céanna de bhreithniúchán cúramach ag teastáil leis an chuid is bunúsaí d'oideachas - forbairt a dhéanamh mar dhuine - agus a bhíonn le gnóthachtáil eolais agus scileanna. • Ba chóir go dtógfaí soláthar pearsantaithe i scoileanna ar thuiscint ar fhorbairt na mbeathaisnéisí straitéiseacha seo, agus ba chóir go bhfreagródh siad d'eispéiris shóisialta, chultúrtha agus ábhartha na ngrúpaí éagsúla foghlaimeoirí.

10.4 Teagasc a Fheabhsú

Sutherland et al:	• Tá géarghá le forbairt phroifisiúnta ionas gur féidir le múinteoirí úsáid mhaith oideolaíoch a bhaint as TFC, ag tacú le daltaí tógáil ar an méid a d'fhoghlaim siad taobh amuigh den scoil.
Plowman and Stephen:	• Tá forbairt phroifisiúnta cleachtóirí réamhscoile de dhíth le cur chuige teagaisc atá freagrúil agus machnamhach a fhorbairt.
Kennewell et al:	• Baineann múinteoirí leas as tacaíocht na meantóirí le hacmhainní a fhiosrú, le scileanna a fháil, le muinín a fhorbairt chun idirghabháil a dhéanamh, agus le machnamh a dhéanamh ar a gcuid teagaisc le TFC. • Má tá cláir bhána idirghníomhacha le beart a dhéanamh de réir na n-éileamh a rinneadh fúthu, is féidir go mbeidh gá le tréimhse eile d'fhorbairt phroifisiúnta a ghlacann san áireamh an

	gá lena n-úsáidí a dhaingniú i réasúnaíocht oideolaíoch múinteoirí.
Millar et al:	• Is dóichí go rachaidh taighde i bhfeidhm ar chleachtas i dteagasc na n-eolaíochtaí nuair a bhíonn cultúr proifisiúnta ann a thacaíonn le tuiscint ar thaighde agus ar thurgnamhachas le cleachtadh. • Is féidir le gréasáin phroifisiúnta, a thugann taighdeoirí agus múinteoirí le chéile, tuiscint múinteoirí ar thaighde agus an dóchúlacht go rachaidh sé i bhfeidhm ar a gcuid cleachtais a éascú.
Blatchford et al:	• Má dhéantar straitéisí praicticiúla 'coibhneasta' bunaithe ar phrionsabail do mhúinteoirí is amhlaidh go soláthróidh sé seo cur chuige rathúil maidir le caighdeáin a ardú agus le hiompar a fheabhsú.
Ainscow et al:	• Ní mór do mhúinteoirí na modhanna oibre a nglactar leo a cheistiú.
James et al:	• Ní mór do cheannairí scoile na struchtúir agus na cultúir a chruthú a thacaíonn le fiosrúchán comhoibritheach sa seomra ranga agus a thacaíonn le roinnt nuálaíochtaí i gcleachtas an tseomra ranga.

10.5 Polasaí

Hughes et al:	• Ba chóir go mbeadh níos mó airde ag lucht déanta polasaithe agus ag ceannairí scoile ar mhalartú eolais idir an scoil agus an baile mar dhóigh le caidrimh a fheabhsú agus caighdeáin a ardú.
Day et al:	• Ní mór do phríomhoidí, do chumainn náisiúnta agus do lucht déanta polasaithe breithniú a dhéanamh ar na naisc idir tiomantas, solúbthacht agus éifeachtúlacht agus straitéisí a fhorbairt le riachtanais mhúinteoirí a shásamh le linn réimsí éagsúla don saol proifisiúnta s'acu, agus i bpobail áirithe chomh

	maith.

11 Prionsabail Ghinearálta le haghaidh Oideolaíocht Éifeachtach

Níl sé míréasúnta glacadh leis go mbainfear ardleas as foghlaim má bhíonn ardchaighdeán teagaisc ann. Chuige seo ní mór do gach rannpháirtí sa chóras oideachais cinnte a dhéanamh de go bhfuil siad ar theann a ndíchill leis na múinteoirí is fearr a earcú, chun an oiliúint is fearr a sholáthar do na múinteoirí seo, agus chun a bheith ag dúil leis go ndéanfaidh siad ardchaighdeán teagaisc a sholáthar. Chuige sin soláthraíonn an TLRP treoir uileghabhálach faoina bhfuil i gceist le teagasc maith. Dhírigh an clár ar thaighde faoi dhóigheanna ina bhféadfaí teagasc agus foghlaim a fheabhsú le linn na dtréimhsí agus ar fud na n-earnálacha áirithe oideachais. Is é an t-aschur is mó a luaitear ná deich bprionsabal a foirmíodh mar gheall ar thaighde[14] 'oideolaíocht éifeachtach' a shainmhíniú. Leasaíodh na prionsabail a bhíodh ann i 2006[15] de réir mar a bhí an clár ag teacht chun críche (2009) agus tá sé le feiceáil anseo san iomlán mar chonclúid ar an tuarascáil.

Is í príomhargóint na conclúide seo ná go bhfuil tábhacht le hoideolaíocht a fheabhsú le deiseanna foghlama a fheabhsú agus spreagadh na bhfoghlaimeoirí a mhéadú, agus sa deireadh thiar thall le caighdeáin a ardú agus torthaí a fheabhsú. Is iad seo a leanas na deich bprionsabal le haghaidh oideolaíocht éifeachtach:

Oideolaíocht Éifeachtach...

11.1 ...trealmhaíonn sé foghlaimeoirí don saol sa chiall is leithne.

Ba chóir go mbeadh sé mar aidhm ag foghlaim cuidiú le daoine aonair agus le grúpaí acmhainní intleachtúla, pearsanta agus sóisialta a fhorbairt a ligfidh dóibh páirt a ghlacadh mar shaoránaigh ghníomhacha, cur le forbairt eacnamaíoch agus dul i mbláth mar dhaoine aonair i sochaí éagsúil atá ag athrú. Is ionann é seo agus coincheap leathan de thorthaí fiúntacha foghlama

[14] Tá an fhianaise chuí taighde le haghaidh na bprionsabal ar fáil in: *Improving Teaching and Learning in Schools: a Commentary by the Teaching and Learning Research Programme*. James, M. and Pollard, A. (Eds) (2006) Swindon: ESRC

[15] Is iad na prionsabail seo an leagan is nua-aimseartha de na 'Evidence Informed Principles for Teaching and Learning'(James and Pollard, 2006, thuas) a leasaíodhle díriú ar cheisteanna níos ginearálta oideolaíochta agus le "broaden the conception of what is to be learned, beyond the notions of curricula and subjects associated with school" agus [to give] "more prominence to the importance of learning relationships which are crucial in all sectors"http://www.tlrp.org/docs/TLRP10Principles.pdf

a ghlacadh ar bord agus ceisteanna cothromaíochtaí agus cearta sóisialta do chách a ghlacadh i ndáiríre.

11.2 ...téann sé i ngleic le cineálacha eolais a bhfuil luach leo.

Ba chóir go gcuirfeadh oideolaíocht foghlaimeoirí i ngleic leis na smaointe móra, na príomhscileanna agus nósanna imeachta, na modhanna dioscúrsa, na modhanna smaointeoireachta agus cleachtais, na tuairimí agus na caidrimh, arb iad na nósanna agus torthaí foghlama is luachmhaire iad i gcomhthéacsanna áirithe. Ní mór do dtuigfidh siad cad é atá i gceist le cáilíocht, caighdeáin agus saineolas i suíomhanna áirithe.

11.3 ...aithníonn sé an tábhacht le réamhthaithí agus réamhfhoghlaim.

Ba chóir go nglacfadh oideolaíocht san áireamh an méid atá ar eolas ag an fhoghlaimeoir cheana féin ionas gur féidir leo, agus leo siúd a thacaíonn lena bhfoghlaim, a gcéad chéimeanna eile a phleanáil. Áirítear leis seo tógáil ar fhoghlaim roimhe sin ach chomh maith leis sin eispéiris phearsanta agus chultúrtha na ngrúpaí áirithe foghlaimeoirí a ghlacadh san áireamh fosta.

11.4 ...ní mó don fhoghlaim a bheith scafalra.

Ba chóir go soláthródh múinteoirí, múinteoirí oiliúna agus gach duine, lena n-áirítear piaraí, a thacaíonn le foghlaim daoine eile, ba chóir go soláthródh siad gníomhaíochtaí, cultúir agus struchtúir de thacaíocht intleachtúil, shóisialta agus mhothúcháin le tacú le foghlaimeoirí bogadh ar aghaidh ina gcuid foghlama. Nuair a bhainfear an tacaíocht seo ar shiúl ní mór don fhoghlaim a bheith daingean.

11.5 ...ní mór don mheasúnacht a bheith in iomchuí don fhoghlaim.

Ba chóir go ndearfaí agus go gcuirfí measúnacht i bhfeidhm agus sprioc ann go mbainfear barréifeacht amach maidir le tórthaí foghlama agus le nósanna imeachta foghlama. Ba chóir go gcuideodh sé le foghlaim a chur chun tosaigh chomh maith lena chinntiú cé acu ar tharla foghlaim.

11.6 ...cuireann sé chun cinn rannpháirtíocht ghníomhach an fhoghlaimeora.

Mórsprioc na foghlama is ea cur chun cinn neamhspleáchas agus fhéinriar an fhoghlaimeora. Baineann sé seo le stór de straitéisí agus de chleachtais foghlama a fháil, ag forbairt meonta dearfacha foghlama, agus an toil agus an mhuinín a bheith ag foghlaimeoirí a bheith mar ghníomhaithe ina gcuid foghlama féin.

11.7 ...cothaíonn sé nósanna imeachta an duine agus sóisialta agus torthaí.

Ba chóir go dtabharfaí tacaíocht d'fhoghlaimeoirí agus go gcuideodh leo caidrimh agus cumarsáid a chruthú le daoine eile le haghaidh foghlama, ionas go gcuideofar le comhthógáil feasa agus go méadófar gnóthachtálacha daoine aonair agus grúpaí. Ionchas agus ceart is ea dul i gcomhairle le foghlaimeoirí faoi fhoghlaim agus guth a thabhairt dóibh.

11.8 ...aithníonn an tábhacht le foghlaim neamhfhoirmiúil.

Ba chóir go n-aithneofaí foghlaim neamhfhoirmiúil, ar nós na foghlama taobh amuigh den scoil nó den ionad oibre, mar chomhchéim tábhachta leis an fhoghlaim fhoirmiúil agus ba chóir go n-amharcfaí air mar áis luachmhar agus go mbainfí úsáid chuí as sa nós imeachta foirmiúil.

11.9 ...tá sé ag brath ar fhoghlaim na ndaoine sin a thacaíonn le foghlaim daoine eile.

Ba chóir go n-aithneofaí agus go dtacófaí leis an ghá go bhfoghlaimíonn léachtóirí, múinteoirí, múinteoirí oiliúna agus comhoibrithe go leanúnacha ionas gur féidir leo a gcuid scileanna agus eolais a fhorbairt, agus ionas go bhforbróidh siad agus go gcuirfidh siad a róil in oiriúint, go háirithe trí fhiosrúchán bunaithe ar chleachtas.

11.10 ...éilíonn sé go mbíonn creatlacha comhsheasmhacha polasaí ann a thacaíonn le foghlaim mar bhunfhócas.

Ní mór do pholasaithe eagraíochtúla agus ar leibhéal córais an bhuntábhacht a bhaineann le foghlaim leanúnach dóibh - le go n-éireoidh leis an duine aonair, leis an fhoireann agus leis an chóras - agus ní mór dóibh a bheith curtha le chéile le timpeallachtaí rathúla foghlama a chruthú do gach foghlaimeoir.

Aguisín 1: Liosta na dTionscadal Ábhartha atá Hipearnasctha le URLanna Idirlíon.

Tionscadail TLRP a bhfuil tagairt déanta dóibh (in Ord Aibitíre)

Ainscow, Booth & Dyson, ***Understanding and Developing Inclusive Practices in Schools***

Blatchford, Galton & Kutnick, ***Improving the Effectiveness of Pupil Groups in Classrooms***

Brookes, ***Provision for Gifted and Talented Pupils at Secondary Transfer***

Christie,Topping, Tolmie, Livingston & Howe, ***Supporting Group-work in Scottish Schools***

Davies, Howes, Carroll & Farrell, ***Facilitating teacher engagement in more inclusive practice***

Day, Stobart, Sammons, Kington & Gu, ***Variations in Teachers' Work, Lives, and their Effects on Pupils (VITAE)***

Gallagher, Daniels & Kilpatrick, ***Learning in and for Interagency Working: multiagency work in Northern Ireland***

Howe, Nunes & Bryant, ***5-14 Mathematics in Scotland: The Relevance of Intensive Quantities***

Hughes, Pollard, Andrews, Feiler, Greenhough, Johnson, McNess, Osborn, Salway, Scanlan, Stinchcombe, Winter & Wan Ching Yee, ***Home-School Knowledge Exchange in Primary Education***

James, McCormick & Marshall, Learning, ***How to Learn, in Classrooms, Schools and Networks***

Kennewell, Thomas, Thorpe, Parkinson, Beauchamp, Tanner, Jones & Norman, ***ICT and InterActive Teaching***

Leitch, Lundy, Clough, Gardner, Galanouli, Mitchell & Odena, ***Consulting Pupils on the Assessment of their Learning (CPAL)***

McGuinness & Sheehy, ***ACTS II: Sustainable Thinking Classrooms***

Millar, Leach, Osborne & Ratcliffe, ***Towards Evidence-Based Practice in Science Education***

Nunes, Bryant & Hurry, ***The Role of Awareness in the Teaching and Learning of Literacy and Numeracy in Key Stage 2***

Plowman & Stephen, ***INTERPLAY: Play, Learning and ICT in Pre-school Education***

Rudduck, Arnot, Fielding, MacBeath, McIntyre, Myers, Reay & Flutter, ***Consulting Pupils about Teaching and Learning: Process, Impact and Outcomes***

Smith, Moran, McCully & Clarke, ***A Values-based Approach to Teacher Education***

Sutherland, Robertson & John, ***InterActive Education: Teaching and Learning in the Information Age***

Sylva, Melhuish, Sammons, Siraj-Blatchford & Taggart, ***Effective Pre-School and Primary Education (EPPE 3-11)***

Tionscadail Thagarttha TLRP (Earnáil)

Luathbhlianta agus Bunoideachas

Plowman & Stephen, ***INTERPLAY: Play, Learning and ICT in Pre-school Education***

Sylva, Melhuish, Sammons, Siraj-Blatchford & Taggart, ***Effective Pre-School and Primary Education (EPPE 3-11)***

Oideachas Bunscoile

Brookes, ***Provision for Gifted and Talented Pupils at Secondary Transfer***

Christie,Topping, Tolmie, Livingston & Howe, ***Supporting Group-work in Scottish Schools***

Hughes, Pollard, Andrews, Feiler, Greenhough, Johnson, McNess, Osborn, Salway, Scanlan, Stinchcombe, Winter & Wan Ching Yee, ***Home-School Knowledge Exchange in PrimaryEducation***

McGuinness & Sheehy, ***ACTS II: Sustainable Thinking Classrooms***

Nunes, Bryant & Hurry, ***The Role of Awareness in the Teaching and Learning of Literacy and Numeracy in Key Stage 2***

Oideachas Meánscoile

Davies, Howes, Carroll & Farrell, ***Facilitating teacher engagement in more inclusive practice***

Millar, Leach, Osborne & Ratcliffe, ***Towards Evidence-Based Practice in Science Education***

Sutherland, Robertson & John, ***InterActive Education: Teaching and Learning in the Information Age***

Ar Fud Chéimeanna na Scolaíochta

Ainscow, Booth & Dyson, ***Understanding and Developing Inclusive Practices in Schools***

Blatchford, Galton & Kutnick, ***Improving the Effectiveness of Pupil Groups in Classrooms***

Gallagher, Daniels & Kilpatrick, ***Learning in and for Interagency Working: multiagency work in Northern Ireland***

Day, Stobart, Sammons, Kington & Gu, ***Variations in Teachers' Work, Lives, and their Effects on Pupils (VITAE)***

Howe, Nunes & Bryant, ***5-14 Mathematics in Scotland: The Relevance of Intensive Quantities***

James, McCormick & Marshall, ***Learning How to Learn, in Classrooms, Schools and Networks***

Kennewell, Thomas, Thorpe, Parkinson, Beauchamp, Tanner, Jones & Norman, ***ICT and InterActive Teaching***

Leitch, Lundy, Clough, Gardner, Galanouli, Mitchell & Odena, ***Consulting Pupils on the Assessment of their Learning (CPAL)***

Rudduck, Arnot, Fielding, MacBeath, McIntyre, Myers, Reay & Flutter, ***Consulting Pupils about Teaching and Learning: Process, Impact and Outcomes***

Smith, Moran, McCully & Clarke, ***A Values-based Approach to Teacher Education***

Tionscadail Thagartha TLRP (Céim)

Céim I (gréasáin)

Ainscow, Booth & Dyson, ***Understanding and Developing Inclusive Practices in Schools***

Millar, Leach, Osborne & Ratcliffe, ***Towards Evidence-Based Practice in Science Education***

Rudduck, Arnot, Fielding, MacBeath, McIntyre, Myers, Reay & Flutter, ***Consulting Pupils about Teaching and Learning: Process, Impact and Outcomes***

Céim II

Blatchford, Galton & Kutnick, ***Improving the Effectiveness of Pupil Groups in Classrooms***

Hughes, Pollard, Andrews, Feiler, Greenhough, Johnson, McNess, Osborn, Salway, James, McCormick & Marshall, ***Learning How to Learn in Classrooms, Schools and Networks***

Nunes, Bryant & Hurry, ***The Role of Awareness in the Teaching and Learning of Literacy and Numeracy in Key Stage 2***

Scanlan, Stinchcombe, Winter & Wan Ching Yee, ***Home-School Knowledge Exchange in Primary Education***

Sutherland, Robertson & John, ***InterActive Education: Teaching and Learning in the Information Age***

Síneadh na hAlban

Christie,Topping, Tolmie, Livingston & Howe, ***Supporting Group-work in Scottish Schools***

Howe, Nunes & Bryant, ***5-14 Mathematics in Scotland: The Relevance of Intensive Quantities***

Plowman & Stephen, ***INTERPLAY: Play, Learning and ICT in Pre-school Education***

Síneadh na Breataine Bige

Davies, Howes, Carroll & Farrell, ***Facilitating teacher engagement in more inclusive practice***

Kennewell, Thomas, Thorpe, Parkinson, Beauchamp, Tanner, Jones & Norman, ***ICT and InterActive Teaching***

Síneadh Thuaisceart Éireann

Gallagher, Daniels & Kilpatrick, ***Learning in and for Interagency Working: multiagency work in Northern Ireland***

Leitch, Lundy, Clough, Gardner, Galanouli, Mitchell & Odena, ***Consulting Pupils on the Assessment of their Learning (CPAL)***

McGuinness & Sheehy, ***ACTS II: Sustainable Thinking Classrooms***

Smith, Moran, McCully & Clarke, ***A Values-based Approach to Teacher Education***

Tionscadail Ghaolmhara

Brookes, ***Provision for Gifted and Talented Pupils at Secondary Transfer***

Day, Stobart, Sammons, Kington & Gu, ***Variations in Teachers' Work, Lives, and their Effects on Pupils (VITAE)***

Sylva, Melhuish, Sammons, Siraj-Blatchford & Taggart, ***Effective Pre-School and Primary Education (EPPE 3-11)***

Aguisín 2: Liosta na dTionscadal Ábhartha atá hipearnasctha le hAchoimrí Tionscadail

Ainscow, Booth & Dyson, ***Understanding and Developing Inclusive Practices in Schools***

Blatchford, Galton & Kutnick, ***Improving the Effectiveness of Pupil Groups in Classrooms***

Brookes, ***Provision for Gifted and Talented Pupils at Secondary Transfer***

Christie,Topping, Tolmie, Livingston & Howe, ***Supporting Group-work in Scottish Schools***

Davies, Howes, Carroll & Farrell, ***Facilitating teacher engagement in more inclusive practice***

Day, Stobart, Sammons, Kington & Gu, ***Variations in Teachers' Work, Lives, and their Effects on Pupils (VITAE)***

Gallagher, Daniels & Kilpatrick, ***Learning in and for Interagency Working: multiagency work in Northern Ireland***

Howe, Nunes & Bryant, ***5-14 Mathematics in Scotland: The Relevance of Intensive Quantities***

Hughes, Pollard, Andrews, Feiler, Greenhough, Johnson, McNess, Osborn, Salway, Scanlan, Stinchcombe, Winter & Wan Ching Yee, ***Home-School Knowledge Exchange in Primary Education***

James, McCormick & Marshall, ***Learning How to Learn, in Classrooms, Schools and Networks***

Kennewell, Thomas, Thorpe, Parkinson, Beauchamp, Tanner, Jones & Norman, ***ICT and InterActive Teaching***

Leitch, Lundy, Clough, Gardner, Galanouli, Mitchell & Odena, ***Consulting Pupils on the Assessment of their Learning (CPAL)***

Millar, Leach, Osborne & Ratcliffe, ***Towards Evidence-Based Practice in Science Education***

McGuinness & Sheehy, ***ACTS II: Sustainable Thinking Classrooms***

Nunes, Bryant & Hurry, ***The Role of Awareness in the Teaching and Learning of Literacy and Numeracy in Key Stage 2***

Plowman & Stephen, ***INTERPLAY: Play, Learning and ICT in Pre-school Education***

Rudduck, Arnot, Fielding, MacBeath, McIntyre, Myers, Reay & Flutter, ***Consulting Pupils about Teaching and Learning: Process, Impact and Outcomes***

Smith, Moran, McCully & Clarke, ***A Values-based Approach to Teacher Education***

Sutherland, Robertson & John, ***InterActive Education: Teaching and Learning in the Information Age***

Sylva, Melhuish, Sammons, Siraj-Blatchford & Taggart, ***Effective Pre-School and Primary Education (EPPE 3-11)***

Understanding and Developing Inclusive Practices in Schools (2000-2003)

Prof Mel Ainscow (University of Manchester)

Prof Tony Booth (Canterbury Christ Church College)

Prof Alan Dyson (Newcastle Upon Tyne)

Bhain gréasán de thaighdeoirí ó thrí ollscoil agus ó 24 scoil i dtrí LEA úsáid as modheolaíocht de thaighde gníomhach le forbairt chleachtas a éascú le rannpháirtíocht agus gnóthachtáil foghlaimeoirí a fheabhsú a bhíonn ar an imeall go minic. Áiríodh leis seo réimse de ghrúpaí a gcaitear lena gcuid deacrachtaí sa chóras oideachais go leithleach go hiondúil maidir le polasaí agus le taighde.
D'oibrigh an Gréasán laistigh de choincheap na cuimsitheachta le dul i ngleic le réimse de cheisteanna ábhartha i scoileanna áirithe, bunaithe ar na ceisteanna seo:

- cad iad na baic a mhothaíonn na daltaí atá ar rannpháirtíocht agus ar fhoghlaim?
- cad é is féidir a athrú le cuidiú leis na baic seo a shárú?
- an éascaíonn cleachtais fheabhsaithe torthaí feabhsaithe foghlama?
- cad é mar is féidir cleachtais den chineál seo a spreagadh agus a chaomhnú in LEAanna agus i scoileanna?

Is iad príomhthorthaí agus príomhimpleachtaí an tionscadail seo ná:

Torthaí	**Impleachtaí**
Eascraíonn cuid mhór de na baic shuntasacha ar rannpháirtíocht agus ar fhoghlaim na ndaltaí ó thuairimí contráilte múinteoirí faoinar féidir lena ndaltaí a dhéanamh agus faoin dóigh is fearr leis na daltaí céanna a theagasc.	Tá níos mó ná bealach éagsúil oibre de dhíth le baic a shárú - ní mór do dhaoine aonair agus do ghrúpaí na dóigheanna inghlactha ina smaoiníonn siad a cheistiú agus glacann sé seo am.
Is féidir athruithe ar thuiscintí agus ar chleachtais fhadbhunaithea theacht chun cinn nuair a théann grúpaí foirne i ngleic le fianaise faoi eispéiris daltaí faoin scoil, agus faoina gcleachtais féin.	Is minice a bhíonn sé níos táirgiúla fócas a bhunú le haghaidh fioscrúchán scoile ar ábhar faoi leith imní do chuid mhaith den fhoireann ná athrú iomlán scoile a chur I bhfeidhm.
Do chuid mhór daltaí, ní féidir torthaí feabhsaithe a bhaint amach tríd an churaclam a theagasc ar bhealach níos déine agus níos faide. Ina áit sin, ní mór do mhúinteoirí na fachtóirí a thacaíonn le foghlaim a neartú, ar nós an tsuilt a bhaineann daltaí as foghlaim agus a bhféinmhuinín.	Le dul i ngleic le tearcghnóthachtáil agus le cuimsitheacht ní mór go leathnaítear an fócas náisiúnta ar thorthaí scoile ard-inmheasta le go mbeidh na fachtóirí tacúla seo san áireamh.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar láithreán gréasáin an tionscadail ag http://www.tlrp.org/proj/phase1/phase1asept.html

Ar ais go Tús Agúisín 2

Towards Evidence based Practice in Science Education (2000-2003)

Prof Robin Millar (University of York)
Prof John Leach (University of Leeds)
Prof Jonathan Osborne (Kings College London) agus
Dr Mary Ratcliffe (University of Southampton)

Ba é aidhm Ghréasán Taighde EPSE bealaí a iniúchadh inar féidir le múinteoirí, agus daoine eile a bhfuil baint acu le hoideachas eolaíochta (msh. scríbhneoirí téacsleabhar agus scrúdaitheoirí) a spreagadh le húsáid níos fearr a bhaint as taighde le foghlaim daltaí a mhéadú san eolaíocht. Sna trí thionscadail idirghaolmhara, d'oibrigh siad le grúpa múinteoirí le hábhar nua agus cur chuige nua a fhorbairt agus leis na gnéithe seo a mheas sa seomra ranga.

Tá achoimre ar thorthaí agus ar impleachtaí na hoibre seo thíos:

Torthaí	**Impleachtaí**
Is féidir cleachtas múinteoirí eolaíochta agus foghlaim na ndaltaí a mhéadú go suntasach trí ábhar teagaisc a sholáthar a chorpraíonn léargais taighde.	Má 'aistrítear' torthaí taighde go hábhar agus modhanna teagaisc, is amhlaidh go méadaítear scála a dtionchair go mór.
Ní fearr daltaí a leanann seichimh theagaisc atá bunaithe ar thaighde ná daltaí eile maidir le ceisteanna a fhreagairt a mbíonn athchuimhne ar fhíricí de dhíth.	Is féidir go rómheasfaidh córais a dhíríonn ar athchuimhne ar fhíricí tuiscint daltaí ar phríomhchoincheapa.
Is féidir le taiscéalaithe atá deartha go cúramach, bunaithe ar thaighde, eolas maith a sholáthar ar thuiscint daltaí ar phríomhthuairimí, agus gníomhaíocht ina dhiaidh sin a fhoirmiú.	Ba chóir tuilleadh dóigheanna a 'mheasann' go gasta tuiscint ar phríomhthuairimí a fhorbairt.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar láithreán gréasáin an tionscadail aghttp://www.tlrp.org/proj/phase1/phase1bsept.html

Ar ais go Tús Agúisín 2

Consulting Pupils about Teaching and Learning (2000-2003)

Prof Jean Rudduck (Homerton College, University of Cambridge)
Dr Madeleine Arnot (University of Cambridge)
Dr Michael Fielding (University of Sussex)
Prof John MacBeath (University of Cambridge)
Prof Donald McIntyre (University of Cambridge)
Prof Kate Myers (Homerton College, University of Cambridge)
Dr Diane Reay (Kings College London)
Ms Julia Flutter (Homerton College, University of Cambridge) - Comhalta

Ó aos luath is féidir le daoine óga léargas a thabhairt agus anailís chruthaitheach a dhéanamh ar an eispéireas foghlama a bhí acu ar scoil agus is féidir leo cur le forbairt straitéisí le foghlaim a fheabhsú agus le gnóthachtáil a ardú.

Bhí sé mar aidhm ag an Ghréasán, in éineacht le múinteoirí, diminsin nua de chleachtas sa seomra ranga a fhorbairt ina síleann siad gur féidir le tuairimí daltaí difear a dhéanamh, agus le dea-chleachtas a scaipeadh. Forbraíodh ballraíocht Ghréasáin de mhúinteoirí agus taighdeoirí a raibh spéis acu ann.

Tá achoimre ar phríomhthorthaí agus impleachtaí obair an ghréasáin seo thíos:

Torthaí	**Impleachtaí**
Chuaigh dalta a ndearnadh comhairliúchán leo i ngleic níos mó leis an fhoghlaim.	Má shíleann daltaí go bhfuil áit sa scoil acu is dóichí go mbeidh siad níos tiomanta don fhoghlaim.
D'éirigh múinteoirí níos freagraí le leanaí agus thug níos mó freagrachta dóibh.	Is féidir le cuntais daltaí faoi na rudaí a chuidíonn leo foghlaim clár praiticiúil don teagasc a sholáthar.
Neartaíodh beartas na scoile trí dhaltaí a chuimsiú ar bhealaí substaintiúla.	Is féidir le samplaí de chleachtas agus de theistiméireacht daltaí cur go mór le beartas na scoile.
Is féidir beartas náisiúnta a mhéadú trí thuairimí nua agus trí ghléasanna praiticiúla leis an scoil a fheabhsú.	Is féidir le cleachtas "tosaíochta" scoile bonn a chur le fiosrúchan agus le forbairt bheartais.

Tá Comhalta Forbartha Gairmoideachas ceangailte, Julia Flutter, ag déanamh anailíse ar fhás na spéise i nguth na ndaltaí agus tá sí ag scrúdú na ndéantús áirithe den aois óg agus den óige dá seasann sé. Tá an staidéar seo comhtháite leis an ghréasán ach tá sé ag tógáil anailís shoiléir ar an fhás sa spéis i 'nguth na ndaltaí' trína fhorbairt a mhíniú le roinnt blianta anuas sa RA agus in áiteanna eile.

More information is available on the project's website at http://www.tlrp.org/proj/phase1/phase1dsept.html

Back to Start of Appendix 2Prof. Peter Blatchford (Institute of Education, London)
Prof. Maurice Galton (Homerton College, Cambridge) agus
Prof. Peter Kutnick (University of Brighton)

Improving Effectiveness of Pupil Groups in Classrooms (2001-2004)

D'fhorbair agus mheas an tionscadal seo obair ghrúpa éifeachtach ag leibhéal na bunscoile agus leibhéal luath na meánscoile. Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal seo ionchas foghlama/gnóthachtála daltaí (ag Eochairchéimeanna 1-3) ag obair i ngrúpaí seomra ranga, trí mhúinteoirí a bheith ag glacadh páirte go gníomhach i dtrí réimse i gclár a cuireadh le chéile chun leibhéil na hoibre grúpa a ardú le linn ghnáthimeachtaí foghlama sa seomra ranga. Ar dtús rinne an taighde measúnacht ar an tionchar ar a bhíonn ar dhaltaí mar thoradh ar oiliúint i scileanna obair ghrúpa, agus an tionchar a bhíonn ag méideanna áirithe ranganna agus éilimh thascanna ar chaighdeán na hoibre grúpa.

Leis na torthaí seo ba chóir go mbeadh na múinteoirí in ann ní amháin glacadh le cur chuige nua bunaithe ar fhianaise a n-éifeachtúlachta, ach ba chóir go mbeidís in ann úsáid níos fearr a bhaint as grúpáil agus é a dhaingniú. Cuirfidh na torthaí seo go mór leis an iarracht ar fud na tíre caighdeáin a ardú agus neamhpháirtíochta daltaí a laghdú. Trína bheith ag obair go dlúth le cleachtóirí leis na coinníollacha inar féidir tionchair den chineál seo a mhéadú, ba chóir go mbeadh tionchar ag na torthaí ar bheartas an rialtais as seo amach.

Torthaí	**Impleachtaí**
Is féidir go mbeidh tionchar níos láidre ag obair ghrúpa ar dhul chun cinn eacnamaíoch ná foirmeacha eile teagaisc agus foghlama.	Ní mór dúinn ár n-athmhachnamh a dhéanamh ar theoiricí oideolaíochta atá i bhfách le gníomhaíochtaí a mbíonn an múinteoir ina mbun agus obair aonair.
Tagann feabhas ar iompar daltaí as siocair go gcaitheann siad níos mó ama ar thasc agus go dtéann siad i mbun plé ar leibhéal níos airde.	Má thugtar spás agus am chun scileanna oibre daltaí a fhorbairt, is féidir le múinteoirí an timpeallacht foghlama a athrú.
Tagann feabhas ar chaidrimh idir múinteoirí agus daltaí agus i measc daltaí iad féin.	Maíonn sé seo gur chóir go mbeadh cur chuige éagsúil le cúrsaí smachta i scoileanna a bhfuil sé mar aidhm acu an fhadhb a rialú in áit é a bhaint ar shiúl.

Tá tuilleadh sonraí ar fáil ar láithreán gréasáin an tionscadail ag http://www.tlrp.org/proj/phase11/phase2a.html

Ar ais go Tús Aguisín 2

Provision for Gifted and Talented Pupils at Secondary Transfer

Jennifer Brookes (Henleaze Junior School Bristol)

D’fhiosraigh an staidéar oiliúna comhaltachta seo an dóigh a ndéantar freastal ar riachtanais daltaí nuair a d’aistrigh siad ó bhunscoil go meánscoil lena chinntiú gur coinníodh leibhéil ghnóthachtála. Mar gheall air seo b’éigean tionchar na teagmhála baile-scoile, soláthar scoile, agus beartais údaráis aitiúla oideachais a fhiosrú ar a ndul chun cinn. Aistríodh torthaí a ndearnadh anailís orthu go moltaí praiticiúla le haghaidh forbairt beartais dírithe ar ghnóthachtáil foghlaimeora a mhéadú.

Tá tuilleadh sonraí ar fáil ar láithreán gréasáin an tionscadail ag http://www.tlrp.org/proj/rtfbrookes.html

Ar ais go Tús Aguisín 2

Home-School Knowledge Exchange and Transformation in Primary Education (2001-2004)

Martin Hughes (stiúrthóir tionscadail), Jane Andrews, Anthony Feiler, Pamela Greenhough, David Johnson, Elizabeth McNess, Marilyn Osborn, Andrew Pollard, Mary Scanlan, Leida Salway, Vicki Stinchcombe, Jan Winter, Wan Ching Yee.

Cónaíonn agus foghlaimíonn leanaí in dhá dhomhan dhifriúla, sa bhaile agus ar scoil. Is minic, áfach, a choinnítear an dá dhomhan seo scartha óna chéile. Sa tionscadal Home School Knowledge Exchange (HSKE) ba mhian linn cuidiú le múinteoirí, le tuismitheoirí agus le leanaí an t-eolas atá acu ar an dá dhomhan seo a roinnt. Rinne muid hipitéis go méadódh sé seo foghlaim na leanaí dá ndéanfaí é seo mar is ceart.

Tá trí phríomhshnáithe ag an tionscadal, bainteach go príomha le:
• Litearthacht ag Eochairchéim 1
• Uimhearthacht ag Eochairchéim 2
• Aistriú ó bhunscoil go meánscoil

Taobh istigh de gach snáithe tharla an tionscadal i gceithre bhunscoil ghníomhacha (lena n-áirítear ceithre bhunscoil ghníomhacha i snáithe an aistrithe) agus sna cathracha Bristol agus Cardiff. Léirigh na scoileanna an éagsúlacht shóisialta agus chultúrtha atá le fáil sa dá chathair seo. Sna scoileanna seo d'fhorbair muid, chuir muid i bhfeidhm agus mheas muid gníomhaíochtaí HSKE a thacaigh le malartú eolais idir baile agus scoil. Díríodh cuid de na gníomhaíochtaí seo ar mhalairt eolais ó scoil go baile, agus é mar aidhm aige tuismitheoirí a dhéanamh níos eolaí faoina raibh ag tarlú i scoileanna a leanaí. Díríodh gníomhaíochtaí eile ar mhalairt eolais ó scoil go baile, agus é mar aidhm aige múinteoirí a dhéanamh níos tuisceanaí faoi shaol a leanaí taobh amuigh den scoil. Ghníomhaigh leanaí a bhí ag freastal ar scoileanna den chineál chéanna ach nár ghlac páirt i ngníomhaíochtaí HSKE mar ghrúpa comparáide.

Torthaí	Impleachtaí
Tá cuid mhór "foinsí eolais" i dtithe agus i bpobail is féidir a úsáid le tacú le foghlaim leanaí.	Ní mór do scoileanna na foinsí eolais seo a aithint agus iad a dhéanamh níos feiceálaí sa seomra ranga agus sa scoil.
Is féidir le gníomhaíochtaí simplí malartaithe baile-scoile tionchar dearfach a imirt ar mhúinteoirí, ar thuismitheoirí agus ar leanaí, agus ar ghnóthachtáil i litearthacht agus sa mhatamaitic.	Ba chóir go dtabharfadh déantóirí beartas agus ceannairí scoile tosaíocht níos fearr do mhalartú eolais, le cuidiú le caidrimh a fheabhsú agus le gnóthachtáil a ardú i litearthacht agus sa mhatamaitic.
Tá dul chun cinn i bhfad níos fearr déanta sa litearthacht ag mic léinn ó Bhliain 6 go Bliain 7 a dhéanann freastal ar scoil ina raibh gníomhaíochtai HSKE, agus tá dearcadh níos acu faoi chúrsaí foghlama.	Is féidir le gníomhaíochtaí a sholáthraíonn eolas imní leanaí a cheansú maidir leis an aistriú agus cuidiú le múinteoirí pictiúr níos iomláine a fháil ar mhic léinn nua.

Tá tuilleadh sonraí ar fáil ar láithreán gréasáin an tionscadail ag http://www.tlrp.org/proj/phase11/phase2e.html

Ar ais go Tús Aguisín 2

Learning in and for Interagency Working: multiagency work in Northern Ireland (2005 - 2007)

Prof. Tony Gallagher (Ollscoil na Banríona, Béal Feirste)
Prof. Harry Daniels (University of Birmingham)
Dr. Rosemary Kilpatrick (Ollscoil na Banríona, Béal Feirste)

Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal seo an idirghníomhaíocht a éascú idir gníomhaireachtaí a bhíonn ag plé le daoine óga i mbaol eisiaimh ón scoil. Tógadh é ar thionscadal TLRP atá ann cheana féin ar oibriú idirghníomhaireachta bunaithe in Ollscoil Birmingham. Ba í an réasúnaíocht a bhí le síniú Thuaisceart Éireann ná go bhfuil na fadhbanna le hoibriú idirghníomhaireachta chomh ábhartha le Tuaisceart Éireann agus codanna eile den Ríocht Aontaithe agus go soláthraíonn sé comhthéacs i dtéarmaí réimse agus fhreagrachtaí gníomhaireachtaí, agus baint níos leithne san earnáil phoiblí.

Bhí an tionscadal bunaithe ar an chreatlach teoiriciúil a chuir an Teoiric Ghníomhaíochta ar fáil ar shínigh agus ar fhorbairt foireann Birmingham é. Léiríonn an chreatlach seo coinníollacha faoi leith oibriú idirghníomhaireachta agus an gá le próisis den fhoghlaim fhorleathan a fhorbairt faoi choinníollacha comhchumraíochta.

Torthaí	**Impleachtaí**
Neartaítear comhoibriú éifeachtach trí chaidrimh muiníne i measc na bpríomhpháirtithe. Méadaíonn siad seo tiomantas agus ceadaíonn siad dul i riosca.	Neartófar oibriú comhoibríoch má dhírítear aird ar fhachtóirí daonna agus ar thógáil caidrimh.
Méadaítear tiomantas d'oibriú comhoibríoch agus doimhnítear é nuair is léir go gcruthaíonn sé torthaí inláimhsithe.	Tá comhoibriú inbhuanaithe ag brath ar ghníomhaíochtaí bríocha a shainaithint lena bhfuil torthaí soiléire.
Baineann comhoibriú éifeachtach leis an neamhspleáchas atá ar fáil do phríomhpháirtithe agus le ról na ngrúpaí seachtracha. Is féidir go gcuirfidh róil atá taobh amuigh den chomhthéacs seo srian ar chomhoibriú éifeachtach.	Ba chóir próisis a bhunú ionas gur féidir grinnscrúdú a dhéanamh ar rialacha agus ar thionchar gníomhaíochtaí seachtracha.

Tá tuilleadh sonraí ar fáil ar láithreán gréasáin an tionscadail ag http://www.tlrp.org/gallagher.html

Ar ais go Tús Aguisín 2

Learning How to Learn - In Classrooms, Schools and Networks (2001-2005)

Prof. Mary James (Institute of Education)
Prof. Robert McCormick (Open University)
Dr. Bethan Marshall (King's College London)

Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal taighde agus forbartha seo tuiscint agus cleachtas ar dhóigheanna le foghlaim a fhoghlaim i seomraí ranga, i scoileanna agus i líonraí. Is suntasaí i bhfad an méid seo a leanas a rinne sé:

1. D'fhorbair sé agus chuir sé le measúnacht oibre ar fhoghlaim (AfL) a tharla le déanaí mar shamhail foghlama faoin dóigh le foghlaim ag múinteoirí agus daltaí, ag cur béime ar an dóigh a ndíríonn an coincheap a bhaineann le dóigheanna le foghlaim a fhoghlaim ar chleachtais foghlama atá fite fuaite leis an fhoghlaim i réimsí foghlama.
2. D'fhiosraigh sé faoin méid is féidir le múinteoirí a dhéanamh le cuidiú le daltaí an dóigh le foghlaim a fhoghlaim, ag léiriú thábhacht fhoghlaim phearsanta an mhúinteora agus an cleachtas a bhaineann leis na prionsabail a thacaíonn le AfL a thuiscint.
3. D'fhiosraigh sé tréithe scoileanna ina n-éiríonn le múinteoirí eolas agus scileanna foghlama a chruthú agus a bhainistiú, go háirithe tacaíocht ceannaireachta le haghaidh fiosruithe sa seomra ranga.
4. D'fhiosraigh sé go córasach, trí mhapáil gréasán, an dóigh ar féidir le gréasáin oideachasúla tacú le cruthú, bainistiú agus le haistriú an eolais agus na scileanna a bhaineann leis an dóigh le foghlaim a fhoghlaim.
5. Rinne iarracht samhail ghinearálta de nuálaíocht a fhorbairt i gcúrsaí teagaisc agus foghlama agus mheascann obair i seomraí ranga, i scoileanna agus i ngréasán, ag léiriú na bpróiseas comhthreormhar a bhaineann le foghlaim agus an dóigh le foghlaim ag gach trí leibhéal.

Torthaí	**Impleachtaí**
Cuidíonn measúnacht le haghaidh foghlama le múinteoirí an dóigh le foghlaim a fhoghlaim a chur chun cinn atá ar aon dul lena luachanna féin. Tá sé doiligh aistriú óna bheith ag brath ar theicníochtaí faoi leith go cleachtas bunaithe ar phrionbasail dhoimhne.	Le himeacht ama, ní mór do mhúinteoirí athmheasúnacht a dhéanamh ar a gcuid creidimh faoi fhoghlaim, an dóigh a ndéanann siad tascanna a struchtúrú, agus na róil agus na caidrimh atá acu sa seomra ranga.
Tá tábhacht faoi leith le fiosrúchán bunaithe sa seomra ranga maidir le neamhspleáchas an fhoghlaimeora a chur chun cinn. Déanann scoileanna a dhaingníonn LHTL tosaíocht don tacaíocht leis an fhoghlaim.	Ní mór do cheannairí scoileanna struchtúir agus cultúir a chruthú a dhíríonn ar fhoghlaim agus a thacaíonn le múinteoirí i nuálaíochtaí a roinnt agus a mheas.
Is féidir leis an chomhthéacs beartais a	Tá gá le hathrú sa dioscúrsa sna

bheith mar éascaitheoirí cumhachtacha nó a bheith mar bhac le nuálaíocht.	gníomhaíochtaí a bhaineann le scoileanna, ag díriú ar thacaíocht leathan, ní saintreoir, le tacú le haistriú scoileanna go heagraíochtaí foghlama.

Tá tuilleadh sonraí ar fáil ar láithreán gréasáin an tionscadail ag http://www.tlrp.org/proj/phase11/phase2f.html

Ar ais go Tús Aguisín 2

ACTS II: Sustainable Thinking Classrooms (2001-2004)

Prof Carol McGuinness, (Ollscoil na Banríona, Béal Feirste)
Prof Noel Sheehy (Ollscoil na Banríona, Béal Feirste)

Chruthaigh agus rinne an tionscadal seo measúnacht ar straitéisí praiticiúla teagaisc le foghlaim sa seomra ranga a fheabhsú i mbunscoileanna, ag méadú scileanna smaointeoireachta daltaí sa churaclam.

Rinne an taighde scrúdú ar ról na meiteachognaíochta i scileanna smaointeoireachta a theagasc ag Eochairchéim 2. Tagraíonn "meiteachognaíocht" don eolas atá ag daoine ar smaointeoireacht a chuidíonn leo a bpróiseas smaointeoireachta a bhainistiú go héifeachtach i gcúrsaí foghlama agus i réiteach fadhbanna. Meastar go bhfuil ról faoi leith ag dialóg sa seomra ranga agus an cineál seo de bhainistíocht intleachtúil a theagasc. Dhírigh an tionscadal seo ar dhialóg chuí a mheas agus a chur chun cinn, ag déanamh anailíse ar ghnéithe tábhachtacha an chur chuige seo i dtéarmaí torthaí foghlama a sholáthar do dhaltaí agus do mhúinteoirí beirt, agus ar shamhlacha tacaíochta múinteoirí atá in ann nuálaíocht a chothú maidir leis seo.

Tugadh faoi thrí staidéar a bhí fite fuaite fríd a chéile. D'fhorbair agus mheas an chéad cheann creatlach le hanailís a dhéanamh ar ghnéithe meiteachognaíocha na dialóige a bhíonn idir múinteoirí agus daltaí sa seomra ranga. Mheas an dara ceann próiseas idirghabhála a bhain le cur chun cinn teagaisc chuí; déanfar an tionchar ar fhoghlaim na múinteoirí agus na ndaltaí a mheas. D'fhorbair an tríú staidéar straitéisí fadtéarmacha le seomraí ranga smaointeoireachta a chothabháil agus aird ar ghníomhaíocht mheiteachognaíoch iontu.

Torthaí	**Impleachtaí**
Bhí múinteoirí in ann ceachtanna a dhearadh agus a theagasc san áit inar teagascadh ábhar curaclaim agus patrún faoi leith smaointeoireachta le chéile.	Is féidir an cur chuige a uas-scálú i gcuraclam na bunscoile ionas gur féidir béim faoi leith a chur ar smaointeoireacht a shníomh isteach i gceachtanna.
Shainaithin anailís físe ar cheachtanna gnéithe de chaint an tseomra ranga agus d'idirghníomhaíochtaí a chuidigh le leanaí straitéisí smaointeoireachta a fhorbairt.	Ní mór ceachtanna smaointeoireachta a dhearadh in éineacht le modhanna teagaisc a chuidíonn le forbairt ghníomhaíochtaí cognaíocha leanaí agus an idirghníomhaíocht a bhíonn acu lena chéile, agus ní mór d'fhoghlaim an mhúinteora tacú leo.
Chuidigh rannpháirtíocht in ACTS le feabhas a chur ar fhoghlaim leanaí, go háirithe leis an úsáid a bhaineann siad as straitéisí meiteachognaíocha. Ní ghóthaíonn gach leanbh mar a gcéanna, áfach.	Tá tacaíocht chúramach de dhíth le cumas leanaí le bheith in ann smaointeoireacht níos sciliúla a dhéanamh a fhorbairt. Ba chóir aird faoi leith a dhíriú ar leanaí a bhfuil acmhainní níos boichte agus sóisialta acu.

Tá tuilleadh sonraí ar fáil ar láithreán gréasáin an tionscadail ag http://www.tlrp.org/proj/phase11/phase2g.html

Ar ais go Tús Aguisín 2

The Role of Awareness in the Teaching and Learning of Literacy and Numeracy in Key Stage 2 (2001-2004)

Prof. Terezinha Nunes (Oxford Brookes University)
Prof. Peter Bryant (Oxford University)
Dr. Jane Hurry (Institute of Education, University of London)

Aithnítear go coitianta go mbaineann máistreacht ar litearthacht agus ar uimhearthacht le heolas intuigthe agus follasach. Mar shampla, níl ach eolas intuigthe againn ar go leor rialacha litrithe: scíobhaimid go leor focal mar is ceart ach ní thiocfadh linn ortagrafaíocht na bhfocal céanna a mhíniú. Is dócha go bhfuil sé riachtanach go mbainimid úsáid as cuid mhór den eolas atá againn go hintuigthe - dá mbeadh orainn smaoineamh faoi rialacha litrithe agus muid ag scríobh, is dócha go mbeadh deacracht againn téacs a chumadh. An rud nach bhfuil ar eolas ná an dóigh a gcruthaítear eolas follasach agus intuigthe tríd an teagasc.

Fiosraíonn an tionscadal taighde seo an nasc idir bealaí áirithe teagaisc agus gnóthachtáil eolais intuigthe agus fhollasaigh ar litearthacht agus ar uimhearthacht sa bhunscoil. Is mic léinn iad na rannpháirtithe, idir sé agus naoi mbliana d'aois, agus múinteoirí. Cinneann fiosrúcháin le daltaí an dóigh a dtéann bealaí éagsúla le teagasc a eagrú i bhfeidhm ar ghnóthachtáil eolais intuigthe agus follasaigh ar choincheapa agus rialacha áirithe san uimhearthacht agus sa litearthacht. Déanann fiosrúcháin le múinteoirí anailís ar an nasc idir follasacht eolas na múinteoirí, an dearadh atá acu ar threoraithe agus feidhmíocht a gcuid daltaí sa litearthacht agus san uimhearthacht.

Torthaí	**Impleachtaí**
Is féidir na deacrachtaí a bhíonn ag daltaí le litriú focal a laghdú trí na moirféimí atá sna focail a mhíniú dóibh.	Ba chóir do bhunscoileanna moirféimí agus an ról atá sa teagasc acu a theagasc go córasach.
Is féidir le cláir teagaisc difear an-mhór a dhéanamh don tuiscint atá ag leanaí ar chodáin má thosaíonn siad ó iomfhios na ndaltaí faoi roinnt agus má bhunaíonn siad naisc le codáin mar uimhreacha.	Ba chóir go gcuirfeadh bunoideachas agus breisoideachas múinteoirí ar an eolas faoi thuiscint imfhiosa daltaí ar loighic chodán agus na cásanna ina dtuigtear iad go soiléir.
Bíonn na deacrachtaí atá ag leanaí le dianchainníochtaí coincheapúil go príomha. Is féidir le dhá nó le trí huaire de theagasc cur lena dtuiscint.	Ní mór don teagasc díriú ar straitéis fadhbréitigh. Níl aon ghá le mórathruithe i gcuraclam na bunscoile.

Tá tuilleadh sonraí ar fáil ar láithreán gréasáin an tionscadail ag

http://www.tlrp.org/proj/phase11/phase2h.html

Ar ais go Tús Aguisín 2

InterActive Education: Teaching and Learning in the Information Age (2000-2004)

Prof. Rosamund Sutherland (University of Bristol)
Dr Susan Robertson (University of Bristol)
Dr Peter John (University of Bristol)

Scrúdaíonn an tionscadal na dóigheanna inar féidir teicneolaíochtaí nua a úsáid i suíomhanna oideachais le foghlaim a mhéadú. Tá an taighde bunaithe ar dhearadh agus ar mheasúnacht teagaisc fadaimseartha agus tionscnaimh theagaisc trí theicneolaíochtaí nua a úsáid ar nós ríomhairí i réimsí an Bhéarla, na Matamaitice, na hEolaíochta, na nDaonnachtaí, Teangacha Nua-Aimseartha agus an Cheoil. Baineann sé fosta le foghlaim faoin méid a ghearrann disciplíní traidisiúnta ábhair agus leis na comhthéacsanna agus na coinníollacha is fearr a thacaíonn leis na tionscnaimh seo. Scrúdaíonn sé an caidreamh idir úsáid teicneolaíochtaí sa bhaile agus ar scoil ar nós ríomhairí ag foghlaimeoirí agus múinteoirí.

Torthaí	**Impleachtaí**
Is é an tuiscint atá ag scoileanna ar thacaíocht náisiúnta do TFC ná trealamh a fháil.	Ba chóir do lucht déanta beartas agus bainisteoirí sinsearacha tosaíocht a dhéanamh do thacaíocht le haghaidh foghlama agus teagaisc le TFC.
Baineann teagasc éifeachtach agus foghlaim le TFC le droichid a thógáil idir foghlaim ‘thréithleithleach’ agus foghlaim ‘bheartaithe’ agus idir an baile agus an scoil.	Ba chóir daltaí a spreagadh cur leis an fhoghlaim a dhéanann siad taobh amuigh den scoil, ach an líonadh an bhearna idir foghlaim ‘thréithleithlach’ agus foghlaim ‘bheartaithe’.
Tá an-tábhacht ag baint leis an mhúinteoir ionas go n-éireodh leis an úsáid atá á baint as TFC le haghaidh foghlama.	Ní mór don fhorbairt phroifisiúnta múinteoirí a éascú dul i riosca le TFC agus le foghlaim.

Tá tuilleadh sonraí ar fáil ar láithreán gréasáin an tionscadail ag

http://www.interactiveeducation.ac.uk/

Ar ais go Tús Aguisín 2

Supporting Group Work in Scottish Schools: Age and Urban/Rural Divide (2003 - 2004)

Mr Donald Christie (University of Strathclyde)
Professor Keith Topping (University of Dundee)
Dr Andrew Tolmie (University of Dundee)
Dr Kay Livingston (University of Strathclyde)
Professor Christine Howe (University of Strathclyde)

Bhain an tionscadal seo le Céim II de thionscadal SPRinG, 'Improving Effectiveness of Pupil Groups in Classrooms', a raibh sé mar aidhm aige na coinníollacha a bhunú a bhí riachtanach le go soláthródh gníomhaíochtaí grúpla fíorbhuntáistí oideachasúla (i dtéarmaí foghlama agus chaighdeán na gcaidreamh sa seomra ranga), agus le go ndearfaí bealaí le cuidiú le múinteoirí obair ghrúpa éifeachtach a thabhairt isteach ina seomraí ranga ag Eochairchéimeanna 1-3 den Churaclam Náisiúnta i Sasana. Bhí tionscadal Sínte na hAlban ag iarraidh tacaíocht a shíneadh le teagasc eolaíochtaí le daoine 10-12 bliain d'aois i dtrí chineál bunscoileanna in Albain:

1. Scoileanna beaga tuaithe ina bhfuil ilranganna agus obair ghrúpa trasna aoiseanna idir piaraí a raibh aithne acu ar a chéile;
2. Scoileanna uirbeacha ina bhfuil ilranganna agus obair ghrúpa trasna aoiseanna idir piaraí a raibh aithne acu ar a chéile;
3. Scoileanna uirbeacha le hobair ghrúpa den aois chéanna.

Is é an díol is mó spéise anseo ná má tharlaíonn obair ghrúpla idir leanaí d'aoiseanna éagsúla gur minic a theagascann na leanaí is sine na cinn is óige, in áit comhoibriú cothrom idir an bheirt acu, agus is chuige sin atá na cláir tacaíochta do mhúinteoirí.

Thástáil an taighde cé chomh mór agus ba chóir na cláir tacaíochta SPRinG le hobair ghrúpa a chur chun cinn nuair a bhíonn dinimic nádúrtha éagsúil ann, ag cur leis an tuiscint ar bhealaí inar féidir le dóigheanna áirithe de ghníomhaíocht ghrúpa a chur chun cinn, agus ag cur leis an teagasc sóisialta atá á fhorbairt ag SPRinG.

Tá tuilleadh sonraí ar fáil ar láithreán gréasáin an tionscadail ag

http://www.groupworkscotland.org/

Ar ais go Tús Aguisín 2

INTERPLAY: Play, Learning and ICT in Pre-School Education (2003 - 2006)

Dr Lydia Plowman (University of Stirling)
Dr Christine Stephen (University of Stirling)

Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal seo dóigheanna a shainaithint le heispéiris daoine óga a mhéadú trí idirghníomhaíocht threoraithe TFC le cleachtóirí, le piaraí agus le tuismitheoirí. Cé go dtagann TFC chun cinn ar chuid mhór bealaí i naíolanna agus i ngrúpaí súgartha, bhí an bhéim roimhe seo ar ríomhairí deisce don chuid is mó. Chonacthas úsáid TFC mar ghníomhaíocht shaorshúgthartha ina socraíonn leanaí iad féin cá huair ba chóir an ríomhaire a úsáid agus cén dóigh. Cuireann cultúr suíomhanna réamhscoile luach le foghlaim trí shúgradh agus le gníomhaíochtaí a gcuireann an leanbh tús leo ach, i gcomhthéacs TFC, léirigh an taighde a rinne muid roimhe seo gur féidir leis an chur chuige seo idirghníomhaíochtaí a chruthú nach bhfuil fiúntas leo. D'fhiosraigh idirshúgradh dóigheanna inar féidir gníomhaíochtaí a gcuireann an leanbh tús leo agus gníomhaíochtaí a gcuireann an duine fásta tús leo a chothromú leis an luach a bhaineann le teagmhálacha le TFC a mhéadú.

Torthaí	**Impleachtaí**
Méadaítear teagmhálacha leanaí le TFC nuair a bhaineann cleachtóirí úsáid as idirghníomhaíocht threoraithe.	Is féidir le forbairt phroifisiúnta cuidiú le cleachtóirí teagmhálacha leanaí le TFC a dhéanamh níos luachmhaire ach is féidir leis gníomhaíochtaí a gcuireann an leanbh tús leo agus gníomhaíochtaí a gcuireann an duine fásta tús leo a chothromú fosta.
Má thapaítear na deiseanna seo is féidir claonadh leanaí chun eolas ar an domhan agus scileanna oibriúcháin a mhéadú.	Le barrúsáid a bhaint as TFC tá oideolaíocht mhachnamhach, fhreagrach de dhíth a chuireann luach le sult agus rannpháirtíocht chomh maith le scileanna oibriúcháin.
Má chuirtear réimse leathan de theicneolaíochtaí ar fáil is amhlaidh go soláthraítear níos mó deiseanna le haghaidh foghlama.	Ba chóir go leathnódh naíolanna béim ó ríomhairí go foirmeacha eile TFC, lena n-áirítear ceamaraí digiteacha, fóin taistil agus méarchláir agus bréagáin leictreonacha.

Tá tuilleadh sonraí ar fáil ar láithreán gréasáin an tionscadail ag http://www.tlrp.org/proj/phase111/Scot_extc.html

Ar ais go Tús Aguisín 2

5-14 Mathematics in Scotland: The Relevance of Intensive Quantities

(2003 - 2005)

Professor Christine Howe (Strathclyde University)
Prof. Terezinha Nunes (Oxford Brookes University)
Professor Peter Bryant (University of Oxford)

Bhain an tionscadal seo le máistreacht dhaltaí Albanacha ar dhianchainníochtaí. Tá dianchainníochtaí (msh. luas, dlús) bunaithe ar chaidrimh choibhneasa idir athróga. Tá siad i gcodarsnacht le dianchainníochtaí (msh. fad, méid), atá bunaithe ar chaidrimh go hiomlán nó go páirteach. Léireoidh sampla an difear: má chuirtear sú oráiste ó chrúiscín amháin ina bhfuil 20 deicilítear leis an dara crúiscín ina bhfuil 60 deicilítear ciallaíonn sé sin go mbeidh 80 deicilítear de shú oráiste ann. Diancháinníocht is ea méid agus is ionann an t-iomlán agus suim na gcodanna uile le chéile. Mar chodarsnacht, is diancháinníocht é tiúchan (dlús) an tsú oraiste. Tá an tiúchan i gcomhréir go díreach leis an méid de dhlúthan, agus i gcomhréir contrártha leis an méid uisce. Má tá an sú i gcrúiscín amháin 20% de dhlúthan agus má tá an sú sa dara crúiscín 60% de dhlúthan, ní bhíonn 80% de dhlúthan ann má mheasctar an dá chrúiscín.

Rinneadh faillí idir an difear idir diancháinníochtaí fairsinge sa Ríocht Aontaithe, áit a gcuirtear an bhéim sa teagasc ar cháinníochtaí fairsinge. Ní eisceacht ar bith í in Albain: ní thagraítear do cháinníochtaí fairsinge i dteoirlínte an churaclaim. Ba é túsphointe an tionscadail ná an t-amhras go gcuireann an fáillí seo isteach ar thuiscint ar cháinníochtaí. Is féidir go gcuirfidh bac fosta le naisc idir matamaitic agus eolaíocht, agus go gcuirfidh sé le deacrachtaí eacnamaíocha le codáin agus le cóimheasa. Mar thoradh air sin, bhí sé mar aidhm ag an tionscadal measúnacht a dhéanamh ar thuiscint daltaí ar dhiancháinníochtaí, agus moladh a thabhairt faoin dóigh ina bhféadfaí dul i ngleic leis na deacrachtaí seo. Leis an tionchar is mó a bhaint amach, rinneadh comhairliúchán le lucht déanta beartas agus le cleachtóirí.

Torthaí	**Impleachtaí**
Bíonn deacrachtaí ag leanaí bunscoile de gach aois le diancháinníochtaí, agus ní fhorbraítear an mháistreacht sin gan teagasc.	Ní mór diancháinníochtaí a theagasc ag leibhéal na bunscoile, ar mhaithe le máistreacht chuimsitheach ar cháinníocht.
Bíonn na deacrachtaí atá ag leanaí le dianchainníochtaí coincheapúla go príomha. Níl máistreacht ar nósanna uimhríochtúla chomh suntasach sin.	Ní mór don teagasc díriú ar straitéis fadhbréitigh.
Bíonn deacrachtaí ag daltaí bunscoile de gach aoisghrúpla codáin a úsáid le diancháinníochtaí a ainmniú.	Ní mór úsáid na gcodán le diancháinníochtaí a ainmniú a theagasc. Ní dhéanfaidh leanaí a gcuid eolais ar chodáin a ghinearálú ó chomhthéacsanna fairsinge go dianchomhthéacsanna.
Is féidir le dhá nó le trí huaire de theagasc cur leis an tuiscint atá ag leanaí ar dhiancháinníochtaí agus leis an chumas atá acu codáin a úsáid i	Ní gá mórathruithe a chur i bhfeidhm ar churaclam na bunscoile le dul i ngleic leis na deacrachtaí a mhaireann le

ndianchomhthéacsanna.	diancháinníochtaí.

Tá tuilleadh sonraí ar fáil ar láithreán gréasáin an tionscadail ag http://www.strath.ac.uk/Departments/Psychology/DevEd/maths/mathsscotland.htm

Ar ais go Tús Aguisín 2

Facilitating teacher engagement in more inclusive practice (2005 - 2007)

Dr Sue Davies (Trinity College, Carmarthen)
Dr Andy Howes (University of Manchester)
Dr Tim Carroll (Cardiff University)
Prof Peter Farrell (University of Manchester)

Scrúdaigh an taighde seo na fachtóirí a théann i bhfeidhm ar pháirtíocht na múinteoirí i gcleachtas struchtúrtha machnamhach i dtreo foghlaim níos cuimsithí do dhaltaí. Tagraíonn páirtíocht na múinteoirí anseo do chleachtas agus d'fhoghlaim múinteoirí i dtimpeallacht foghlama na háite oibre (Hodkinson, 2002). Cé gur léirigh staidéir roimhe seo go n-imríonn cleachtas machnamhach tionchar suntasach ar chultúr na scoile agus ar thosaíochtaí, sainaithníodh meánscoileanna mar thimpeallachtaí ina mbíonn fadhbanna le páirtíocht na múinteoirí i gcleachtas den chineál sin (msh Florian agus Rouse, 2001). Bhí sé mar aidhm ag an taighde fosta struchtúir a shainaithint agus socruithe eagrúcháin a bhunú a chuidíonn agus a chuireann bac le páirtíocht den chineál sin.

Go substaintiúil, bhí baint ag foireann múinteoirí le tionscadal taighde comhghníomhaíochta i ngach ceann de na sé bhunscoil a bhí páirteach, agus díríodh ar an nasc idir iompar daltaí agus foghlaim. Bhí ról faoi leith ag síceolaithe oideachais an próiseas taighde gníomhaíochta a éascú in éineacht le ceannairí roinne nó eile. Rinne siad monatóireacht ar na fáthanna agus d'fhiosraigh siad na fáthanna n-athraítear maidir le páirtíocht múinteoirí sa phróiseas, agus d'oibrigh siad le cúntóirí taighde ollscoile le measúnacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht na gníomhaíochta seo ar fhoghlaim leanaí.

Torthaí	**Impleachtaí**
Fásann baic shuntasacha i bpáirtíocht agus i bhfoghlaim na ndaltaí ó thoimhdí contráilte múinteoirí faoin méid is féidir agus nach féidir lena gcuid daltaí a dhéanamh agus faoin dóigh is fearr leis na daltaí a theagasc.	Leis na baic sin a shárú tá níos mó ná modh eile oibre de dhíth - ní mór do dhaoine aonair agus do ghrúpaí na modhanna smaointeoireachta atá acu a cheistiú, agus glacann sé sin am.
Nuair a théann grúpaí foirne i ngleic le fianaise faoi eispéiris daltaí sa scoil agus faoin gcleachtas féin, is féidir leis 'cur isteach' ar bhealaí inghlactha oibre agus smaointeoireachta.	Is minice a bhíonn sé níos táirgiúla fócas le haghaidh fiosrúchán scoile a bhunú ar cheist faoi leith ar ábhar imní é ná athrú iomlán scoile a chur i bhfeidhm.
Ní éireoidh le go leor daltaí tríd an churaclam a theagasc níos déine agus níos faide. Ní mór do mhúinteoirí na fachtóirí a thacaíonn leis an teagasc a neartú, ar nós sult a bhaint as an fhoghlaim agus féinmheas a chothú.	Le dul i ngleic le tearcghnóthachtáil agus le cuimsiú nó ní mór an fócas náisiúnta ar thorthaí atá inmheasta a leathnú leis na fachtóirí seo a chur san áireamh.

Tá tuilleadh sonraí ar fáil ar láithreán gréasáin an tionscadail ag http://www.tlrp.org/proj/smbdavies.html

Ar ais go Tús Aguisín 2

ICT and InterActive Teaching (2005 - 2007)

An Dr. Steve Kennewell (University of Wales)
An Dr. Gerran Thomas (University of Wales Aberystwyth)
An Dr. Richard Thorpe (University of Wales Aberystwyth)
An Dr. John Parkinson (Swansea Institute of Higher Education)
An Dr. Gary Beauchamp (University of Wales Swansea)
An Dr. Howard Tanner (University of Wales Swansea)
Sonia Jones Uas. (University of Wales Swansea)
An tUas. Nigel Norman (University of Wales Swansea)

Sa tionscadal taighde seo rinneadh comparáid idir an éifeacht ag modhanna oibre teagaisc éifeachtacha ar fhoghlaim agus sroicheadh, le húsáid agus gan úsáid ICT ag múinteoirí agus daltaí. Tacaíodh le péirí múinteoirí comhaoise in úsáid fhianaise taighde chun cur chuige idirghníomhach teagaisc a dhearadh i dtaca le hábhair dheacra in eolaíocht, i matamaitic agus i dteangacha ar fud an aoisraoin 2-14 agus i scoileanna éagsúla.

Torthaí	**Impleachtaí**
Tá méid níos airde de theagasc dialógach tairbheach le haghaidh foghlama. Úsáideann múinteoirí maithe TFC chun idirghníomhú machnamhach agus dialógach a spreagadh agus a thacú.	Ba cheart go mbeadh acmhainní agus forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí chun úsáid TFC a spreagadh, a thacaíonn idirghníomhú dialógach, ina chuidiú maidir le foghlaim a fheabhsú.
Is féidir le TFC cuidiú le foghlaimeoirí tabhairt faoi ábhar ceachtanna agus tionchar a bheith acu ar rith na gceachtanna, ach ní i gcónaí ar an dóigh beartaithe.	Ba cheart go mbeadh múinteoirí eolach ar an riachtanas le hidirghabháil a dhéanamh le linn tascanna TCF ionas go mbainfidh daltaí cuspóirí foghlama amach mar aon le torthaí tasic.
Ní aithnítear go forleathan an poitéinseal atá le TFC obair ghrúpa a thacú.	Ba cheart go gcuirfí le taighde ar ról TFC chun foirmeacha cainte in obair ghrúpa a thacú trí thuilleadh acmhainní chomh maith le forbairt ghairmiúil.
Tá dialóg mhachnamhach le breathnóir maidir le gníomhaíochtaí ceachta agus luacháil acmhainne luachmhar i dtaca le forbairt ghairmiúil na múinteoirí.	Baineann múinteoirí tairbhe as tacú comhairleora chun acmhainní a thaiscéaladh, scileanna a bhaint amach agus machnamh ar a gcuid teagaisc le TFC.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar láithreán gréasáin an tionscadail ag http://www.interactive-teaching.org.uk/

Ar ais chuig Tús Aguisín 2

Consulting Pupils on the Assessment of their Learning (CPAL) (2005 - 2007)

An Dr. Ruth Leitch (Ollscoil na Banríona, Béal Feirste)
Laura Lundy Uas. (Ollscoil na Banríona, Béal Feirste)
An tOll. Peter Clough (Ollscoil na Banríona, Béal Feirste)
An tOll. John Gardner (Ollscoil na Banríona, Béal Feirste)
Despina Galanouli Uas. (Ollscoil na Banríona, Béal Feirste)
An Dr. Stephanie Mitchell (Ollscoil na Banríona, Béal Feirste)
An Dr. Oscar Odena (Ollscoil na Banríona, Béal Feirste)

Sa tionscadal seo rinneadh scrúdú ar rannpháirtíocht na ndaltaí ina luacháil féin ó dhearcadh chearta an leanbh. Léirigh sé go dtéann daltaí i ngleic lena gcuid foghlama agus go ndíríonn siad ar a ndul chun cinn nuair a bhíonn fíordheiseanna rannpháirtíochta agus tuisceana ann maidir le measúnacht. Nuair a úsáideann lucht déanta beartas nósanna imeacht bunaithe ar an leanbh chun dul i gcomhairle go díreach le leanaí, léiríonn leanaí an spreagadh agus an cumas le bheith páirteach i gcinnteoireacht.

Chumhdaigh CPAL na prionsabail seo laistigh dá dhearadh agus dá phróisis féin. Cuireadh comhairle ar dhaltaí KS2 agus KS3 ar chomhthoiliú eolach eiticiúil ar roinnt nósanna imeachta taighde.

Rinne siad comhthaighde agus comhléirmhíniú ar ghnéithe na sonraí. I dteannta modhanna oibre traidisiúnta suirbhé, d'fhorbair an tionscadal modhanna oibre cruthaitheacha do dhaltaí agus múinteoirí ina raibh R-chomhairliúchán, fócasghrúpaí, líníochtaí agus taifid digiteacha na ndaltaí.

Dearadh an tionscadal chun an comhthéacs polasaí i dTuaisceart Éireann a chur san áireamh, agus an fócas ar phróifílí na ndaltaí agus ar mheasúnacht le haghaidh foghlama.

Torthaí	**Impleachtaí**
Is féidir le lucht déanta beartas dul i gcomhairle go díreach le leanaí ar shaincheisteanna oideachais, mar atá polasaí agus cleachtas measúnachta.	Ba cheart go mbeadh modhanna oibre cuimsitheach agus ba cheart do dhaoine fásta éisteacht le agus freagairt do thuairimí leanaí.
Baineann daltaí tairbhe as nuair a thagann creidimh na múinteoirí agus a gcuid cleachtas i dtaca le measúnacht le haghaidh foghlama (AfL) le chéile.	Tá tacaíocht de dhíth ar mhúinteoirí chun cultúir rannpháirtíocha cruthaitheacha sa seomra ranga a chruthú atá bunaithe ar AfL fíréanta.
Tríd is tríd, tugann múinteoirí agus tuismitheoirí tacaíocht do chearta an leanbh.	Tá deiseanna ann le haghaidh feasachta méadaithe ar an dóigh le cleachtas cheart an leanbh a chur i bhfeidhm agus a luacháil.
Is féidir le leanaí a bheith páirteach mar chomhthaighdeoirí i dtionscadail thaighde phríomhshrutha ar dhóigheanna a bhfeabhsaíonn an fiosrúchán agus a gcumhdaíonn cearta an leanbh.	Tá am agus idirbheartaíocht chúramach i gceist leis seo. Tá tuiscint níos fearr de dhíth orainn ar impleachtaí a bhaineann le leanaí a ghabháil i dtaighde ar dhóigh atá níos daonlathaí.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar láithreán gréasáin an tionscadail ag http://www.cpal.qub.ac.uk/

Ar ais chuig Tús Aguisín 2

A Values-based Approach to Teacher Education (2005 - 2007)

An tOll. Alan Smith (Ollscoil Uladh)
An tOll. Anne Moran (Ollscoil Uladh)
An tUas. Alan McCully (Ollscoil Uladh)
Linda Clarke Uas. (Ollscoil Uladh)

Sa taighde seo rinneadh fiosrúchán i réimse na luachanna in Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí (ITE), ionduchtú agus forbairt luath ghairmiúil (EPD) taobh istigh de chomhthéacs d'athbhreithniú rialtais ar oideachas do mhúinteoirí sa todhchaí i dTuaisceart Éireann (NI). Chruthaigh príomhfhorbairtí eile dúshláin bhreise le haghaidh oideachais do mhúinteoirí. Áirítear leo siúd gealltanas rialtais roghnú acadúil a thréigean ag aois a haon déag faoi 2008, agus cuireann curaclam nua molta tuilleadh béime ar luachanna agus ar fhoghlaim bunaithe ar scileanna, ar oideachas pearsanta, sóisialta agus sláinte, agus ar shaoránacht. Tá an straitéis r-fhoghlama NI i bhfad chun tosaigh agus impleachtaí tábhachtacha aige maidir le hoideachas do mhúinteoirí. Lorg an clár taighde trí bliana seo sampla ionadaíoch mac léinn PGCE trí ionduchtú agus trína gcéad bhliain de EPD. Áiríodh sa mholadh tástáil de nuálaíochtaí i ngach ceann de thrí chéim na samhla comhpháirtíochta NI d'oideachas do mhúinteoirí, atá níos ábhartha i dtaca le cur chuige bunaithe ar luachanna a ghlacadh d'oideachas do mhúinteoirí agus d'fhorbairt mhúinteoirí.

Torthaí Tionscadail:	**Impleachtaí Tionscadail:**
Réamhghabh múinteoirí faoi oiliúint go ceart go mbeadh ITE ina dhúshlán i dtaca lena luachanna agus lena dtuairimí. Bhí machnamh ar luachanna pearsanta agus gairmiúla mar chuid de seo.	Ní mór deiseanna a dhéanamh soiléir chun múinteoirí faoi oiliúint a ghabháil le saincheisteanna a bhaineann le luachanna, agus modheolaíochtaí cuí mar chuid de.
Bhí eispéireas na múinteoirí tosaigh neamhchomhsheasmhach maidir le hiondúchtú, agus cuid mhór acu ag cur síos ar an mbliain ionductaithe mar bhliain díchónasctha agus mealltach.	Ba cheart go mbeadh deiseanna forbartha pearsanta ag múinteoirí tosaigh. Áirítear leis na féidearthachtaí bliain ráthaithe ionduchtaithe agus úsáid r-phunann.
Bhí fostaíocht fhadtéarmach a dhaingniú fós ina dhúshlán suntasach ag a lán múinteoirí tosaigh. Cheistigh cuid mhór acu an luach atá le Gníomhaíochtaí Forbartha Gairmiúla.	Laghdaíonn taithí scoilte fostaíochta ag múinteoirí tosaigh an cháilíocht den phróiseas d'fhorbairt luath ghairmiúil.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag: http://www.tlrp.org/proj/asmith.html

Ar ais chuig Tús Aguisín 2

Effective Pre-School and Primary Education (EPPE 3-11) (2003 - 2008)

An tOll. Kathy Sylva (University of Oxford)
An tOll. Edward Melhuish (Birkbeck, University of London)
An tOll. Pam Sammons (School of Education, University of Nottingham)
An tOll. Iram Siraj-Blatchford (Institute of Education, University of London)
Brenda Taggart Uas. (Institute of Education, University of London)

Soláthraíonn an staidéar EPPE 3-11 (2003-2008) síneadh cúig bliana don fhiosrúchán fadama is mó san Eoraip ar éifeachtaí an oideachais réamhscoile ar thorthaí forbartha na leanaí agus iad ag tosú san bhunscoil: is infheistiocht ollmhór é i dtaighde ar éifeachtúlacht luath oideachais Effective Provision of Pre-School Education (EPPE, 1997-2003). EPPE, EPPE 3-11, agus a síntí bainteacha (see: www.ioe.ac.uk/), ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus an Roinn Oideachais: Tuaisceart Éireann.

Tar éis ruthag forbraíochta de 3000 leanbh roghnaithe go randamach in 141 suíomh réamhscoile, léirigh an staidéar EPPE an tionchar atá ag freastal ar chineálacha éagsúla socruithe luath-óige ar fhorbairt na leanaí. Rinne sé fiosrúchán freisin ar éifeachtaí aga réamhscoile, agus ar an tionchar ar thorthaí leanaí ag straitéisí éagsúla oideolaíocha agus ag leibhéil éagsúla cáilíochta na foirne. Agus éifeachtaí réamhscoile á bhfiosrú aige, léirigh an staidéar freisin an tionchar tábhachtach atá ag tosca teaghlaigh ar fhorbairt leanaí, lena n-áirítear tionchair dhéimeagrafacha mar atá aicme shóisialta, agus tionchair iompraíochta mar atá gníomhaíochtaí teaghlaigh a fheabhsaíonn foghlaim leanaí óga. Trí na hanailísí ‘oideachais’ agus ‘cúlra sóisialta’ a chomhcheangal, léiríodh an tionchar dearfach atá le hoideachas luath-óige, go háirithe do leanaí as cúlraí faoi mhíbhuntáiste agus dóibh siúd atá i mbaol maidir le riachtanais speisialta oideachais a fhorbairt. Forbraíodh an síneadh EPPE 3-11 chun ceithre téama bainteacha a fhiosrú:

a) An leanann éifeachtaí réamhscoile ar aghaidh isteach in Eochairchéim 2?
b) Cad iad na gnéithe de seomraí ranga bunscoile agus bunscoileanna ‘éifeachtacha’?
c) Cé hiad na leanaí athléimneacha agus i mbaol sa sampla EPPE?
d) Cad é an tionchar atá ag ‘foghlaim lasmuigh den scoil’ (tithe, pobail, idirlíon) ar fhorbairt leanaí?

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar láithreán gréasáin an tionscadail ag http://eppe.ioe.ac.uk/index.htm.

Ar ais chuig Tús Aguisín 2

Variations in Teachers' Work, Lives, and their Effects on Pupils (VITAE) (2001 - 2005) (Associate TLRP project)

An tOll. Christopher Day (School of Education, University of Nottingham)
An tUas. Gordon Stobart (Institute of Education, University of London)
Pam Sammons Uas. (School of Education, University of Nottingham)
Alison Kington Uas. (School of Education, University of Nottingham)
Qing Gu (School of Education, University of Nottingham)

Ba staidéar fadama ceithre bliana (2001-2005) é an tionscadal VITAE, a fuair maoiniú ón Roinn Oideachais agus Scileanna (DfES) agus a rinneadh le 300 múinteoir bunscoile agus meánscoile i 100 scoil i seacht n-údarás oideachais áitiúl (LEA). Bhí an taighde comhdhéanta ag School of Education, University of Nottingham agus Institute of Education, University of London. Bhí sé mar phríomhaidhm ag an taighde tosca a shainaithint a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar éagsúlachtaí i saolta gairmiúla agus pearsanta na múinteoirí, agus chun scrúdú a dhéanamh ar na fáthanna atá taobh thiar de mhúinteoirí a éiríonn, nó nach n-éiríonn, níos éifeachtaí le himeacht ama.

Is iad seo a leanas na príomhcheisteanna scrúdaithe:

- An athraíonn éifeachtúlacht an mhúinteora ó bhliain go bliain agus maidir le torthaí daltaí éagsúla, agus an éiríonn múinteoirí níos éifeachtaí le himeacht ama?
- Cád iad na róil atá ag beathaisnéis, cultúr agus forbairt ghairmiúil?
- Conas a bhíonn tionchar ag scoileanna agus/nó ag ranna ar chleachtas agus éifeachtúlacht an mhúinteora?
- An bhfuil múinteoirí chomh héifeachtach céanna do ghrúpaí éagsúla daltaí, nó an bhfuil éifeachtúlacht dhifreálach i gceist a bhaineann (mar shampla) le stádas inscne nó socheacnamaíoch?
- An athraíonn na tosca a mbíonn tionchar acu ar éifeachtúlacht do mhúinteoirí atá ag obair i gcomhthéacsanna éagsúla, nó do chineálacha éagsúla torthaí?
- An athraíonn tosca a mbíonn tionchar acu ar eifeachtúlacht mhúinteoirí thar earnálacha éagsúla (bunscoileanna agus meánscoileanna) agus thar aoisghrúpaí éagsúla (Eochairchéim 1, 2 agus 3)?

D'aithin dearadh modhanna measctha nuálaíochta an staidéir go mbaineann éifeachtúlacht le mothúcháin na múinteoirí ar a n-éifeachtúlacht féin agus lena dtionchar ar thuairimí agus sroicheadh na ndaltaí. Lárnach sa taighde bhí: i) agallaimh thaifeadta dhá uair sa bhliain le múinteoirí sa staidéar. Rinne siad monatóiriú ar a mothúcháin ar éifeachtúlacht agus ar na tionchair dhearfacha agus dhiúltacha orthu siúd; agus ii) an méid a bhain siad le forbairt agus sroicheadh na ndaltaí. Baineadh úsáid as anailísí breisluacha ar dhul chun cinn agus sroicheadh na ndaltaí mar aon le suirbhé bliantúil tuairimí na ndaltaí chun torthaí daltaí a fhiosrú agus éagsúlachtaí a shainaithint idir ranganna agus grúpaí teagaisc do mhúinteoirí sa staidéar VITAE. Chuir sintéis agus comhtháthú anailíseach na sonraí seo le forbairt de naisc idir gnéithe éagsúla saolta na múinteoirí, céimeanna gairmiúla saoil, féiniúlachtaí agus comhthéacsanna scoile, sainaithint de mhúinteoirí a bhí níos rathúla, nó iad siúd a raibh níos lú ratha acu, maidir le torthaí na ndaltaí thar tréimhse trí bliana, agus leis na príomhthionchair mhaolaithe agus idirghabhála ar éagsúlachtaí.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar láithreán gréasáin an tionscadail ag http://www.tlrp.org/proj/cday.html

Ar ais chuig Tús Aguisín 2